Fuaireamar 2,230 iarratas ar réiteach achrainn le linn 2010, méadú de 20% ar líon na n-iarratas a fuairthas in 2009, i gcomparáid le méadú de 13% i dtréimhse 2008/2009. Rinneadh am próiseála cásanna a fheabhsú tuilleadh chomh maith ó 12 mhí in 2009 go dtí 8 mí faoi dheireadh 2010 nó leath den tréimhse 18 mí a thóg sé in 2008. Further improvement in the first half of 2011 have reduced this time to 7 months at end July. Thóg cásanna tosaíochta idir 4 agus 5 mí le próiseáil, i.e. cásanna a bhain le líomhaintí maidir le riaráistí cíosa agus an tionónta ag róshealbhu na teaghaise nó díshealbhuithe neamhdhleathacha.

Tionscain tionóntaí 59% de na cásanna achrann, tiarnaí talún 37%, agus tríú páirtithe 4%. Bhí méadú suntasach ar chomhréir na n-iarratas a fuarthas ó thiarnaí talún le linn 2010, mar gheall ar ní ba mhó gearán maidir le riaráistí cíosa den chuid ba mhó. Bhí cásanna achrann a bhain le riaráistí cíosa ina n-údar le 31% de na cásanna ar an iomlán lenar dhéileáil an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha le linn 2010, i gcomparáid le 23% in 2009. Bhain ní ba mhó cásanna le coimeád neamhdhleathach éarlaise ná aon chineál cáis eile ar 43%.

Féadtar achomharc in aghaidh chinneadh an bhreithnithe nó na hidirghabhála chuig Binse tríúir, ag a dtugtar fianaise faoi mhionn a bhíonn taifeadta. Méadaíodh líon na n-achomharc a cuireadh faoi bhráid na mBinsí beagnach 100% go dtí 340 cás in 2010. D’fhan meánam próiseála ar 2/3 mhí.

Rinne na foirne um achrainn agus na Binsí obair ar chéimeanna luatha an ríomhchórais nua um bainistiú cásanna chomh maith, a chuirfead os comhair an

phobail ag tús 2012. Earcaíodh painéal nua breithneoirí agus Idirghabhálaithe tríd an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí agus rinneadh baill an phainéil a cheapadh agus a oiliúint ag tús 2011. Is mian liom aitheantas a thabhairt don pháirt a ghlac an iarphainéal i bhforbairt an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha agus comhghairdeas a dhéanamh lenár bpainéal nuacheaptha.

### Clárúcháin

Chuireamar ní ba mhó ná 100,000 tionóntachtaí leis an gclár le linn 2010 rud a chiallaigh gur sheas líon iomlán na dtionóntachtaí cláraithe ar thart ar 230,000 ag deireadh na bliana. Tugadh seirbhísí ar líne isteach i Samhain 2010 ionas go mbeadh cliant dár gcuid in ann tionóntachtaí dá gcuid a chlárú ar líne agus íoc as ar an toirt. Baineann trian de na tiarnaí talún úsáid as na háiseanna seo anois. Bhí an tionscnamh seo ina fhiontar an-mhór d’eagraíocht bheag.

Thugamar faoi obair ullmhúcháin i dtreo cláir chomhlíonta a leagan amach le haghaidh tiarnaí talún neamhchláraithe a ionchúiseamh. D’éirigh linn roinnt tiarnaí talún a ionchúiseamh i gcion ag deireadh 2010.

Rolladh bogearraí nua amach i mBealtaine 2011. Is uirlis an-éifeachtach iad seo a dhéanann cíoradh ar bhunachair sonraí a chuireann eagraíochtaí eile san earnáil phoiblí ar fáil (an Roinn Coimirce Sóisialaí go príomha) d’fhonn tiarnaí talún neamhchláraithe a shainaithint agus a gcásanna a bhainistiú go leictreonach i dtreo a gcomhlíonadh a bhaint amach nó iad a ionchúiseamh i gcion nuair is gá. Eisíodh céad fhógra chuig 7,755 tiarna talún agus dara fógra chuig 311 tiarna talún nach raibh in oiriúint leis an dlí suas go dtí deireadh Lúnasa 2011. Táthar ag súil go n-eiseofar dara fógra chuig 2,000 tiarna talún eile faoi dheireadh Dheireadh Fómhair 2011.

### Straitéis Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)

Ba bhliain thábhachtach é 2010 i dtéarmaí ár straitéis trí bliana teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a sheachadadh. Mar a cuireadh in iúl cheana, seachadadh na chéad ghnéithe pobaldhírith den straitéis seo ag deireadh 2010, i.e. clárú ar líne agus áiseanna chun íocaíocht a dhéanamh le cártaí creidmheasa, chomh maith le bogearraí nua forfheidhmithe chlárúcháin a cuireadh i láthair go poiblí ag tús 2011. Sular seachadadh na gnéithe seo den straitéis, thóg sé roinnt míonna chun iad a fhorbairt agus a thástáil go himhneánach agus crua-earraí agus áiseanna athshlánaithe ó thubaiste a shuiteáil. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an bhfoireann chlárúcháin agus leis an bhfoireann TFC a bhí páirteach as ucht a gcuid oibre ar an tionscadal. Cuireadh tús le hobair ar ghné eile den straitéis TFC chomh maith, lena áiríodh feidhmchláir ar líne i riocht is go mbeidh daoine in ann a chásanna a bhainistiú agus iarratais a dhéanamh ar Réiteach Achrann agus Bhinsí ar líne; scanadh; áiseanna rianaithe fógraí dlíthiúla; agus an chéad innéacs náisiúnta cíosa. Cuirfear torthaí na ngníomhaíochtaí seo uile, atá á dtreorú ag saineolaithe de chuid ár gcoiste stiúrtha TFC, i láthair go poiblí in 2011.

### Feasacht agus Oideachas

Tá an t-ádh leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha go bhfuil grúpa gníomhach páirtithe leasmhara aige ar a bhfuil ionadaithe do ‘Threshold’, Cumann Úinéirí Réadmhaoine na hÉireann, Foras Ceantálaithe agus Luachálaithe Gairmiúla na hÉireann, Cumann Suirbhéirí Cairte na hÉireann, SUI, IrishLandlords.com, ‘Home Locators’ agus ‘Make Room’. Dhéileáil baill foirne ní ba mhó ná 78,000 glao gutháin ónár gcuid cliant le linn 2010. Chomh maith le fógraíocht shonraithe i bhfoilseacháin a dháileann ár bpáirtithe leasmhara, ghlacamar feachtais meáin ar RTÉ agus forlíonadh 4 leathanach in ‘Metro Herald’. D’eisíomar 144,000



bileog eolais chuig tiarnaí talún tríd an bpost. Cé gur chuir easpa acmhainní teorainn lenár ngníomhaíochtaí, ghlacamar páirt i sé sheimineáir náisiúnta, chuireamar urlabhraithe/bileoga eolais ar fáil d'imeachtaí beaga agus ghlacamar páirt i roinnt agallamh do na meáin. I measc an taighde faoinar tugadh thar ár gceann, rinneadh plé ar na féidearthachtaí i leith codanna den earnáil dheonach agus chomharthithíochta a chur san áireamh inár dtéarmaí tagartha, agus tugadh faoi dhá scoláireacht PhD trí Choláiste na Tríonóide agus Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath i ndáil le neamhnáisiúnaigh agus an margadh cíosa in Éirinn.

## Gníomhaireacht Féinmhaoinithe

Le tacaíocht ónár máthair-roinn, an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, d'athraigh an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha go dtí socrú féinmhaoinithe agus ní fhaighimid aon mhaoiniú ón státchiste a thuilleadh. Méadaíodh na táillí clárúcháin don chéad uair riamh, suas 20, agus mar sin cosnaíonn sé 90 chun tionóntacht nua a chlárú (laitigh de mhí) anois. Coinneoidh an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha 80% den táille clárúcháin chun gníomhaíochtaí dár gcuid a mhaoiniú, agus úsáidfean an 20% eile chun na hiniúchtaí a dhéanann údarais áitiúla ar thionóntachtaí cónaithe príobháideacha ar cíos d'fhonn a áirithiú go gcomhlíontar na rialacháin maidir le híoschaighdeáin.

## Buíochas

Is mian liom buíochas ó chroí a ghabháil le foireann an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha as ucht a gcuid díograise, tiomantais agus solúbthachta leanúnaí. Táim an-bhuíoch de m'fhoireann shinsearach bhainistíochta go ró-áirithe, Kathryn Ward, Carmel Diskin, Frank Gallagher agus Máire O'Mahony. Mar fhocal scoir, is mian liom aitheantas a thabhairt don Chathaoirleach, do bhaill

an Bhoird, do Choistí, agus don Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil as ucht a gcuid oibre uile thar ceann an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha i rith na bliana.

**Anne Marie Caulfield**

*Stiúrthóir*

## Baill Bhord an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha



Orla Coyne  
*Dlíodóir (Cathaoirleach)*



Aidan Brennan  
*Státseirbhíseach, an Roinn  
Comhshaoil, Pobail agus  
Rialtais Áitiúil*



Gene Feighery  
*Comhshaolaí*



Vincent P. Martin  
*Abhcóide*



Finian Matthews  
*Státseirbhíseach ar scor*



An tOllamh Cúnta  
Eoin O'Sullivan  
*Ollamh cúnta sa Pholasáí  
Sóisialta, Coláiste na Tríonóide,  
Baile Átha Cliath*



Thomas J Reilly  
*Gairmí san Earnáil  
Réadmhaoine*



John Tiernan  
*Iarbhairisteoir Contae*



Conn Murray  
*Bainisteoir Contae*



Joseph Meehan  
*Státseirbhíseach, an  
Roinn Coimirce Sóisialaí*

- ▶ Cian McNamara  
*Bainisteoir Cathrach Cúnta, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (a chuaigh ar scor i Meitheamh 2010)*
- ▶ Joan O'Dowd  
*Státseirbhíseach, an Roinn Coimirce Sóisialaí (a chuaigh ar scor in Eanáir 2010)*
- ▶ Cian Ó Lionáin  
*Státseirbhíseach, an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (suas go dtí Nollaig 2010)*
- ▶ An Seanadóir Aideen Hayden  
*Dlíodóir (a bhí ceaptha chun Sheanad Éireann i mBelataine 2011)*



# **An Bord agus a Fhostruchtúir**

## Feidhmeanna an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha

Is comhlacht reachtúil é an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha a bunaíodh faoin Acht um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004 (arna leasú). Is iad seo a leanas roinnt de phríomhfheidhmeanna an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha:

- ▶ achrainn a réiteach idir tionóntaí agus tiarnaí talún de réir fhorálacha Chuid 6 den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004.
- ▶ sonraí maidir le tionóntachtaí a chlárú de réir fhorálacha Chuid 7 den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004.
- ▶ comhairle a thabhairt don Aire i dtaca le polasaí a bhaineann leis an earnáil tionóntachtaí príobháideacha ar cíós
- ▶ treoir a fhorbairt agus a fhoilsiú i ndáil le deachleachtas do na daoine atá bainteach leis an earnáil tionóntachtaí príobháideacha ar cíós
- ▶ eolas a bhailiú agus a sholáthar maidir leis an earnáil tionóntachtaí príobháideacha ar cíós, lena n-áirítear eolas a bhaineann le gnáthleibhéil cíosa
- ▶ taighde a dhéanamh ar an earnáil tionóntachtaí príobháideacha ar cíós agus monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú gnéithe éagsúla na hearnála tionóntachtaí príobháideacha ar cíós nó taighde agus monatóireacht den chineál sin a eagrú nuair a mheasann an Bord go bhfuil sé cuí;
- ▶ athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmiú an Achta um Thionóntachtaí Cónaithe 2004 agus ar aon achtachán bainteach eile agus moltaí a chur faoi bhráid an Aire ó thaobh an tAcht nó na hachtacháin sin a leasú; agus
- ▶ tabhairt faoi aon fheidhm eile a thugann an tAire dó.

## Baill an Bhoird

Tá an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha tiomanta d'ardchaighdeán rialachais chorparáidigh a choinneáil i leith an Cód Cleachtas maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit a chomhlíonadh. D'ullmhaigh an Bord Cód Iompraíochta Gnó do Bhaill an Bhoird, don Stiúrthóir, don fhoireann, agus do bhreithneoirí agus idirghabhálaithe agus ghlac siad leis.

Bhuail an Bord 43 uair le linn 2010, chun déileáil le hábhair a bhain le polasaí agus achrainn. Chomh maith leo sin, bhí 21 cruinniú do 6 Choiste an Bhoird. In 2010, íocadh táillí de 313,901 ar an iomlán do bhaill an Bhoird tríd an gcóras cánach ÍMAT. As an tsuim sin, bhain 95,796 le freastal ar chruinnithe an Bhoird (Polasaí, Achrainn agus Coistí) agus 218,115 le hobair a bhain leis na Binsí. Le haghaidh miondealú ar tháillí binse do bhaill an Bhoird agus do dhaoine nach bhfuil ina mbaill den Bhoird, féach an chaibidil maidir leis na Binsí.

Íocadh 11,242.12 do bhaill an Bhoird as speansais taistil agus chothaithe a tabhíodh de bharr freastal ar chruinnithe agus ar Bhinsí ar aon dul le treoir na Roinne Airgeadais.

**Is iad seo a leanas na táillí a bhí iníoctha in 2010 as dualgais a bhain le gnó an Bhoird:**

GNÍOMHAÍOCHT	TÁILLÍ le héifeacht ó 1 Bealtaine 2009 ar aghaidh
Cruinnithe an Bhoird/Cruinnithe na gCoistí/Oiliúint	€196
Cruinnithe an Bhoird/Cruinnithe na gCoistí/Oiliúint - Cathaoirleach	€217
Cruinnithe maidir le hAchrainn / Éisteachtaí na mBinsí	€348
Cruinnithe maidir le hAchrainn / Éisteachtaí na mBinsí - Cathaoirleach	€543
Tribunals	€387
Tribunals - Chairperson	€603

**Tinreamh agus Luach Saothair Bhaill an Bhoird 2010**

Leagtar tinreamh bhaill an Bhoird ag cruinnithe agus a bpáirtíocht i ngníomhaíochtaí eile a bhain le gnó an Bhoird le linn 2010 amach thíos, chomh maith leis na táillí a fuair siad le linn na tréimhse 1 Eanáir go dtí 31 Nollaig 2010.

BAILL AN BHOIRD	LÍON NA GCRUINNITHE AR AR FHREASTAIL AN TÉ IN 2010			Táillí a Fuarthas
	Polasaí an Bhoird	Achrainn an Bhoird	Coistí agus Oiliúint	
Orla Coyne	12	27	17	€20,810.00
Aidan Brennan ***	11	7	6	0
Gene Feighery	11	29	6	€13,468.00
Aideen Hayden	9	26	9	€13,096.00
Ciaran McNamara ***	4	1	5	0
Vincent P. Martin	9	25	4	€10,944.00
Finian Matthews	12	26	6	€13,358.00
Joseph Meehan*** Ceaptha ar 1 Nollaig	0	0	0	0
Conn Murray*** Appt on 1 December	1	1	0	0
Cian Ó Lionáin ***	10	0	4	0
Associate Prof. Eoin O'Sullivan	9	8	7	€196.00
Thomas J Reilly	11	27	15	€14,926.00
John Tiernan	11	14	6	€8,988.00
<b>Total Number of meetings</b>	<b>12</b>	<b>31</b>		<b>€95,786.00</b>

Is ollfhiúirí iad na figiúirí thuasluaite agus tá siad inchánach ina n-iomláine

\*\*\* Níor íocadh táillí do bhaill seo an Bhoird mar gheall ar gur státseirbhísigh lánaimseartha iad.

Íocadh táille de €196 d'Eoin O'Sullivan as páirt a ghlacadh i seimineár oiliúna.

## Gníomhaíochtaí agus Ballraíocht Choistí an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha

Chuir an Bord roinnt coistí ar bun de réir Alt 157 den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004, chun tacú lena chuid dualgas a chomhlíonadh:

1. **An Coiste Réitigh Achrann**
2. **An Coiste um Thaighde, Fheasacht agus Oideachas**
3. **An Coiste Iniúcháireachta**
4. **An Coiste Airgeadais**
5. **An Coiste Reachtaíochta**
6. **Coiste Alt 189**

### 1. Dispute Resolution Committee

Cian Ó Lionáin (Cathaoirleach)	John Lynch
Aidan Brennan	Vincent P. Martin
Jim Bridgeman	Finian Matthews
Anne Colley	Fintan McNamara
Charles Corcoran	Ciaran McNamara
Orla Coyne	(go dtí Meitheamh 2010)
Gus Cummins	Mary Morris
Keara Donnelly	Henry Murdoch
Tom Dunne	Liam Nolan
John C. Elliott	Liam O'Donnell
Michael Farry	Assoc. Prof Eoin O'Sullivan
Gene Feighery	Dervla Quinn
Geraldine Feeney	An tOllamh Bairbre Redmond
Paul Good	Thomas J Reilly
Aideen Hayden	Pat Riney
Mary Heaslip	Tony Taaffe
Bill Holohan	John Tiernan
Nesta Kelly	

Tugann Alt 159 den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004 de chumhacht do Bhord an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha coiste réitigh achrann a bhunú, agus feidhmeanna a tharmligean agus baill a cheapadh don choiste sin. Is é Coiste Réitigh Achrann an Bhoird um

Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha an painéal as a roghnaítear baill do na Binsí Tionóntachta. De bharr nach féidir cinntí Binsí a achomharc chun na hardchúirte ach maidir le pointe dlí, déanann baill an Choiste Réitigh Achrann feidhm thábhachtach garbhreithiúnacha. Déanann an Binse cinneadh tar éis na héisteachta a chur chun críche agus cuireann siad an Bord ar an eolas faoin gcinneadh sin de bhun Alt 108(1) den Acht.

Ina dhiaidh sin, déanann an Bord ordú cinnidh atá ina cheangal dlí de réir Alt 121 den Acht agus eisítear an t-ordú sin i dteannta Thuarascáil an Bhinse chuig gach páirtí bainteach. Tionóladh 240 Binse den chineál seo le linn 2010. Thionóil an Coiste Réitigh Achrann a chruinniú bliantúil i mí na Samhna, 2010.

### 2. An Coiste um Thaighde, Fheasacht agus Oideachas

An tOllamh Eoin O'Sullivan (Cathaoirleach)	
Gene Feighery	Orla Coyne
Aideen Hayden	Tom Dunne
Thomas J Reilly	Aine Ryall

Chuir an Bord Coiste Taighde ar bun i Meitheamh 2005. Déanann an Coiste Taighde cinntí maidir leis an taighde ar chóir don Bhord tabhairt faoi agus, ar fhaomhadh an Bhoird, déanann sé socruithe chun an taighde sin a dhéanamh. In 2006, rinne an tIonad um Thaighde ar Thithíocht, atá mar chuid den Ghníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe anois, comhaontú leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha agus déanann sé roinnt tionscadal leantach taighde a bhainistiú thar ceann an BTCP anois.

D'fhonn feasacht níos fearr a chothú i measc an phobail, chuir an Bord an Coiste um Fheasacht agus Oideachas ar bun i Márta 2009. Bheartaigh an Bord in Aibreán 2009 an Coiste um Fheasacht agus Oideachas a chumasc leis an gCoiste Taighde. Bhuail an Coiste um Thaighde, Fheasacht agus Oideachas le chéile 5 uaire ar an iomlán le linn 2010.

Chomh maith leis sin, rinne an Coiste um Thaighde, Fheasacht agus Oideachas roinnt cruinnithe a eagrú le príomhpháirtithe leasmhara ar nós Chumann Úinéirí Réadmhaoine na hÉireann, Chumann Suirbhéirí Cairte na hÉireann, Foras Ceantálaithe agus Luachálaithe Gairmiúla na hÉireann, IrishLandlord.com, Homelocators, Threshold, Aontas na Mac Léinn in Éirinn agus na Seirbhíse Buiséadta agus Comhairle Airgid (SBCA) le linn na bliana sin. Rinneadh plé ar cheisteanna tábhachtacha ag na cruinnithe sin, lena n-áiríodh an Córas um Bainistiú Tionóntachtaí (CBT), fógraí foirceanta ar líne, an gnáth-seicliosta léasa chónaithe agus leasuithe molta don Acht um Thionóntachtaí Cónaithe, 2011.

Bhí na cruinnithe seo an-fhiúntach ar fad, agus tugann siad deis don Bhord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha teagmháil éifeachtach a dhéanamh le páirtithe leasmhara agus feabhas a chur ar an gcaidreamh idir na páirtithe leasmhara sin agus an BTCP.

### 3. An Coiste Iniúchóireachta

Noel O'Connell (Cathaoirleach) Cian Ó Lionáin  
Dermot Byrne An tOllamh Eoin O'Sullivan  
Finian Matthews

Tá cúigear ball ar an gCoiste Iniúchóireachta, triúir acu atá ina mbaill den Bhord agus beirt acu atá eachtrach ón mBord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha. Déanann an tUasal Noel O'Connell, cuntasóir cáilithe, cathaoirleacht ar an gCoiste. Bhuail an Choiste Iniúchóireachta le chéile 4 uaire le linn 2010.

Is é ról an Choiste Iniúchóireachta ná moltaí a chur faoi bhráid an Bhoird agus lucht ardbhainistíochta maidir le haon ábhar a bhaineann leis an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh laistigh den Bhord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha de réir mar a mheasann an Coiste is gá nó is iomchuí.

Tugann an Coiste cúnamh don Bhord i leith a gcuid dualgas dlíthiúil aonair agus a gcuid comhdhualgas dlíthiúil a chomhlíonadh, i réimsí tuairiscithe agus rialaithe airgeadais go háirithe. Chomh maith leis sin, measann sé cé acu an bhfuil próisis i bhfeidhm d'fhonn rioscaí a bhainistí ar aon dul le treoirlínte eagraíochtúla agus pleananna gnó. Glacadh le Plean Iniúchóireachta Inmheánaí 2010-2012, agus thug Crowley's DFK, cuntasóirí cairte, faoi na hathbhreithnithe seo a leanas faoin bplean sin le linn 2010:

- ▶ Iniúchadh ar Cheannach, Sholáthar agus Íocaíochtaí
- ▶ Íocaíochtaí Taistil agus Cothaithe
- ▶ Binsí agus Torthaí Réitigh Achrann a Fhorfheidhmiú

### 4. An Coiste Airgeadais

Orla Coyne (Cathaoirleach) Thomas J. Reilly  
Aidan Brennan John Tiernan  
Ciaran McNamara (go dtí Meitheamh 2010)

Is é ról an Choiste Airgeadais ná cúnamh a thabhairt don Bhord i leith a gcuid dualgas dlíthiúil aonair agus a gcuid comhdhualgas dlíthiúil a chomhlíonadh, i réimsí tuairiscithe agus rialaithe airgeadais go háirithe. Déanann an Coiste mionchóradh ar chúrsaí airgeadais an Bhoird; déanann sé athbhreithniú ar bhuiséid agus thuarascálacha airgeadais; tugann sé comhairle don Bhord, don stiúrthóir agus do lucht ardbhainistíochta de réir mar is iomchuí agus cuireann sé moltaí faoina mbráid; chomh maith le cuntais bhliantúla an Bhoird a chur faoi chaibidil. Déanann an Coiste aon fheidhm, dualgas nó údarás eile a shanntar dó nó a tharmilgtear dó agus tugann sé tuairisc don Bhord maidir leis na hábhair uile thuasluaite.



## 5. An Coiste Reachtaíochta

Orla Coyne	Finian Matthews
Anne Colley	Cian Ó Lionáin
Aideen Hayden	Tom Reilly
Vincent P. Martin	John Tiernan

Is fochoiste an Bhoird é an Coiste Reachtaíochta a bunaíodh faoi bhun fhorálacha Alt 157 den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe, agus tugann sé comhairle agus cúnamh don Bhord i ndáil le feidhmeanna an Achta um Thionóntachtaí Cónaithe. Bhuail an Coiste Reachtaíochta le chéile 5 uaire le linn 2010.

## 6. Coiste Alt 189

Orla Coyne	Cian Ó Lionáin
Aideen Hayden	Thomas J Reilly
Finian Matthews	

Is féidir leis an mBord iarratas a dhéanamh chun na cúirte cuarda ar fhaoiseamh eatramhach nó idirbhreitheach de réir Alt 189 den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004 nuair a mheasann an Bord is iomchuí é (mar shampla, i gcásanna tromchúiseacha iompraíochta frithshóisialta nó díshealbhuithe neamhdhleathacha).

Chuir an Bord Coiste Alt 189 ar bun don chéad uair i mBealtaine 2005 agus déantar baill a athcheapadh chun an Choiste ar bhonn bliantúil de réir na dTearmaí Tagartha. Buaileann an Coiste le chéile nuair a iarrann an Stiúrthóir air de dhroim go ndearnadh iarratas ar an mBord faoi Alt 189 den Acht. Is é feidhm an Choiste ná cinneadh a dhéanamh ar cé acu ar chóir don Bhord iarratas a dhéanamh chun na cúirte cuarda faoi Alt 189 den Acht nó nár chóir. Ní bhíonn cinntí de chuid an Choiste faoi réir dheimhniú an Bhoird.

Déanann Alt 157 den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004 foráil go bhféadtar daoine nach bhfuil ina mbaill den Bhord a cheapadh chun roinnt de na coistí seo.

# **Clárúchán Tionóntachtaí an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha**

*Bhí 231,818 tionóntacht cláraithe*

*ar Chlár an Bhoird um Thionóntachtaí*

*Cónaithe Príobháideacha ag deireadh 2010*

## Gníomhaíochtaí Clárúcháin in 2010

De réir an Achta um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004, éilítear ar thiarnaí talún iarratas a dhéanamh chuig an mBord chun a gcuid tionóntachtaí a chlárú leis an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha laistigh d'aon mhí amháin tar éis dháta tosaithe na dtionóntachtaí. Ní féidir le tiarnaí talún tionóntachtaí neamhchláraithe aon achrann a chur faoi bhráid an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha. Ní théitear i bhfeidhm ar chearta an tionónta sa chás nach bhfuil an tionóntacht cláraithe agus is féidir le tionóntaí rochtain ar an tseirbhís réitigh achrann beag beann ar stádas clárúcháin na tionóntachta.

### Táillí Clárúcháin Tionóntachtaí

In 2010, ghearrtaí táille chlárúcháin de 70 in aghaidh na tionóntachta, 300 i gcás ilthionóntachtaí agus táille dhéanach de 140. Tugadh táillí clárúcháin nua isteach in Eanáir 2011 agus tugtar breac-chuntas orthu thíos.

#### Sá chás gur thosaigh an tionóntacht ar 1 Eanáir 2011 nó ina dhiaidh sin, is í an táille atá i gceist:

- ▶ **€90** in aghaidh na tionóntachta ar chuntar go bhfaigheann an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha an t-iarratas ar chlárúchán laistigh d'aon mhí amháin tar éis dháta tosaithe na tionóntachta nó
- ▶ **€375** i gcás ilthionóntachtaí (comhtháille) in aon fhoirgneamh amháin atá á gclárú ag an am céanna ag aon tiarna talún amháin laistigh d'aon mhí amháin tar éis dháta tosaithe na chéad tionóntachta. Má chuirtear deireadh le tionóntacht amháin a bhí mar chuid de chlárúchán ilthionóntachtaí agus má chuirtear tús le tionóntacht eile laistigh de 12 mhí tar éis an chomhtháille a íoc, ní gá táille a íoc as clárú na tionóntachta nua sin ar chuntar go ndéantar í a chlárú laistigh d'aon mhí amháin tar éis dháta tosaithe na tionóntachta nua sin.

Níl aon táille iníoctha nuair a rinneadh dhá fócaíocht don Bhord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha i leith na tionóntachta sin le linn na 12 mhí roimhe sin. Níl aon táille iníoctha chun na sonraí a bhaineann le tionóntacht chlárúcháin a leasú chun dáta.

Ó Eanáir 2011 ar aghaidh, beidh feidhm ag táille dhéanach de **€180** nuair a gheofar iarratas ar chlárú tionóntachta níos mó ná aon mhí amháin tar éis dháta tosaithe na tionóntachta sin. Éilíonn an tAcht um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004 ar thiarna talún iarratas a dhéanamh ar tionóntachta a chlárú chuig an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha laistigh d'aon mhí amháin tar éis dháta tosaithe na tionóntachta. Beidh feidhm ag an táille dhéanach seo i ngach cás ina dhéanfar an t-iarratas ar chlárúchán i ndiaidh na tréimhse clárúcháin seo.

#### Sá chás gur thosaigh an tionóntacht ar 31 Nollaig 2010 nó roimhe sin

Beidh feidhm ag táille dhéanach de **€140** nuair a gheofar iarratas ar chlárú tionóntachta níos mó ná aon mhí amháin tar éis dháta tosaithe na tionóntachta sin.

### Tionóntacht sa Bhreis faoi Chuid 4

Maireann an clárúchán ar feadh na tionóntachta ach suas go dtí ceithre bliana ar a mhéad. Déanann Cuid 4 den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004 foráil go dtosóidh "Tionóntacht sa Bhreis" faoin gcuid seo ceithre bliana tar éis dháta tosaithe na tionóntachta. Ciallaíonn sé seo nach mór tionóntachtaí a athchlárú tar éis iad a bheith ar an bhfód ar feadh ceithre bliana.

In 2010, seoladh ní ba mhó ná 35,000 litir mheabhrúcháin amach chuig tiarnaí talún a chláraigh

### Seoladh Seirbhísí Clárúcháin ar Líne

Sheol an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha a sheirbhís chlárúcháin ar líne i Samhain 2010. Bhí an tseirbhís, a tugadh isteach mar chuid den Chóras nua um Bainistiú Tionóntachtaí (CBT), forbartha ag Vulcan Solutions, cuideachta bhogearraí atá lonnaithe i nGaillimh, agus bhí sí deartha i ndáil comhairle lenár bpáirtithe leasmhara. Tá clárú ar líne gasta agus éasca le húsáid, anois ní thógann sé ach cúpla nóiméad chun tionóntacht a chlárú ag [www.prtb.ie](http://www.prtb.ie). Tá sraith ceisteanna coitianta agus leideanna úsáideacha ann ar an suíomh d'fhonn cúnamh a thabhairt do thiarnaí talún agus iad ag clárú tionóntachtaí ar líne leis an BTCP. Ghlac foireann an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha páirt lárnach i bhforbairt an chórais agus i bpróisis ghnó maidir le clárúcháin nua a athbheithniú agus a chur i ngníomh le linn na bliana.

Tugadh faoi fheachtas fógraíochta chun an tseirbhís um chlárú ar líne a chur os comhair an phobail, lenar áiríodh fógraíocht ar an raidió agus sna nuachtáin, ceithre sheimineár eolais i gCorcaigh agus i mBaile Átha Cliath do thiarnaí talún agus eisíodh bileoga eolais chuig ní ba mhó ná 144,000 tiarna talún tríd an bpost. Ní raibh ach 26% tar éis úsáid a bhaint as clárú ar líne faoi dheireadh na bliana, figiúr a bhí ní ba lú ná an figiúr a rabhthas ag súil leis. Mhéadaigh sé seo go dtí 35% faoi Lúil 2011, áfach, agus leanfaidh an BTCP ar aghaidh ag cur na seirbhíse seo chun cinn agus ag spreagadh tiarnaí talún chun úsáid a bhaint aisti.


tionóntachtaí lenar cuireadh tús in 2006 d'fhonn cur in iúl dóibh go mbeadh orthu tionóntacht sa bhreis a chlárú faoi Chuid 4 de réir mar b'iomchuí. Ní sheoltar litreacha meabhrúcháin amach a thuilleadh d'fhonn airgead a shábháil, agus cuirtear i gcuimhne do thiarnaí talún go bhfuil sé de dhualgas orthu a gcuid dtionóntachtaí a athnuachan de réir mar is iomchuí.

### Staitisticí maidir le Clárúcháin Tionóntachtaí in 2010

In 2010, chláraigh an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha 101,888 comhaontú tionóntachta nua, nó méadú de 6,000 i gcomparáid leis an mbliain roimhe.

DÁTA	TIONÓNTACHTAÍ
Meán Fómhair 2004 go dtí Nollaig 2005	85,000
2006	54,000
2007	80,849
2008	85,904
2009	95,969
2010	101,888

### MEÁNLIÓN LAETHÚIL NA N-IARRATAS A FUARTHAS IN AGHAIDH NA MÍOSA 2009-2011



### Líon na dtionóntachtaí cláraithe gach bliain

Fuair an BTCP thart ar 400 foirm ar an meán in aghaidh an lae, agus an buaicphointe bliantúil i Meán Fómhair/Deireadh Fómhair.

Bhí 231,818 tionóntacht cláraithe leis an mBord ag

deireadh 2010, rud a sheas do 145,021 tiarna talún agus 494,659 tionónta. Is ceart a thabhairt faoi deara, áfach, go bhfuil seans ann nach bhfuil na figiúirí seo go hiomlán cruinn de dheasca nach n-éilítear ar thiarnaí talún an BTCP a chur ar an eolas nuair a chuirtear deireadh le tionóntacht.

### STAITISTICÍ MAIDIR LE CLÁRÚCHÁN AMHAIL AR 31 NOLLAIG 2010

Líon na dTionóntachtaí atá Cláraithe	231,818
Líon na Tiarnaí Talún	145,021
Líon na dTionóntaí	494,659
Meánlíon na n-iarratas a fuarthas in aghaidh an lae	400
Líon na nglaoanna a d'fhreagair an fhoireann chlárúcháin le linn 2010	35,048

### Iarratais Neamhchríochnaithe ar Chlárúchán Tionóntachta

Mar gheall ar líon na n-iarratas a cuireadh isteach ach nach raibh curtha chun críche, méadaíodh am próiseála iarratas a fuarthas tríd an bpost go suntasach faoi dheireadh na bliana.

Moltar do thiarnaí talún clárú ar líne de bharr nach dtógfar ach cúpla nóiméad chun é a chur chun críche agus seolfar deimhniú an chlárúcháin leictreonaigh chucu ar an toirt. Cuirtear i gcuimhne do thiarnaí talún agus ghníomhairí a chuireann iarratais isteach tríd an bpost aire a thógáil agus iad ag comhlánú foirmeacha clárúcháin agus a chinntiú go bhfuil an fhoirm comhlánaithe ina hiomláine agus an táille chúil ina teannta.

Tugtar 'iarratas neamhchríochnaithe' ar iarratais sa chás go bhfuil an t-eolas atá riachtanach de réir an Achta in easnamh nó mícheart, mar shampla, Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP), dáta tosaithe na tionóntachta, suim an chíosa, srl. Cuirtear táillí míchearta isteach i dteannta líon suntasach iarratas chomh maith.

Rinne Cuid 7 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009 leasú ar Alt 135(5) den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004. Déanann sé foráil nach mór do thiarnaí talún tionóntacht a chlárú leis an BTCP laistigh d'aon mhí amháin tar éis dháta tosaithe na tionóntachta sin. Sá chás go gcuirtear foirm neamh-chomhlánaithe isteach, seolfaidh an BTCP an fhoirm sin ar ais agus beidh feidhm ag an táille dhéanach ach amháin sa chás go gcuirfeadh an fhoirm chomhlánaithe isteach arís laistigh den mhí. Ghlac an Bord le cur chuige praiticiúil i leith an athraithe seo ar an reachtaíocht go dtí go raibh an córas ar líne faoi lánseol.

Dhéileáil foireann an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha le ní ba mhó ná 35,000 glao in 2010, chun cúnaimh a thabhairt do thiarnaí talún i dtaca le hoibleagáidí dlíthiúla chun clárú agus tacaíocht a thabhairt dóibh leis na háiseanna cláraithe ar líne.

### Riachtanas Clárúcháin a Fhorfheidmiú agus Plean Gníomhaíochta in aghaidh Neamhchomhlíonadh

Lorgaíonn an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha tiarnaí talún nach gcláraíonn a gcuid

tionóntachtaí go gníomhach. Nuair nach ndéanann an tiarna talún tionóntacht a chlárú, d'fhéadfaí é a ionchúiseamh i gcion agus fineálacha suas go dtí 3,000 nó sé mhí príosúnachta nó an dá rud a bheith de thoradh air. Cuireann baill foirne eolas a fhaightear ó roinnt foinsí faoi chaibidil, lena n-áirítear an Roinn Coimirce Sóisialaí, údaráis áitiúla agus an pobal i gcoitinne. Tá na bearta atá an BTCP a dhéanamh ar aon dul le forálacha an Achta um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004, alt 144 agus 145 go háirithe. Faoi dheireadh 2010, rinne an Bord beagnach 15,000 fógra forfheidhmithe a sheirbheáil ar thiarnaí talún. Eisíodh ní ba mhó ná 1,900 litir dlíodóra chomh maith.

### Tiarnaí Talún a ciontaíodh i gcion mar gheall ar Shárú an Riachtanais chun Tionóntacht a Chlárú

Bhain an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha roinnt ciontuithe amach i gcoinne tiarnaí talún sa Chúirt Dúiche nach ndearna tionóntachtaí dá gcuid a chlárú leis an BTCP in ainneoin go bhfuair siad roinnt fógraí reachtúla agus rabhadh roimh ré a d'iarr orthu é sin a dhéanamh. I ngach cás, ghearr an Chúirt fineálacha agus na costais dhlíthiúla ar na tiarnaí talún.

Tá an BTCP tar éis a chuid gníomhaíochtaí i gcoinne tiarnaí talún neamhchláraithe a threisiú in 2011. Tugadh córais nua teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide isteach ag tús 2011 d'fhonn comparáidí idir bunachair shonraí a éascú le comhlachtaí agus ranna eile an Stáit i dtreo tiarnaí talún neamhchláraithe a shainiú chun críche comhlíonadh. Tugann na bogearraí um bainistiú cásanna cúnamh i leith cásanna atá le hionchúiseamh a bhainistiú chomh maith.

### Clár na dTionóntachtaí

Éilítear ar an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha clár tionóntachtaí a choinneáil de réir an Achta um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004 agus bunachar sonraí atá cothrom le dáta a sholáthar agus a bhainistiú chun críche eolais, ceapadh beartais agus staitisticí. Is eastósc ó chlár na dtionóntachtaí é an clár foilsithe a chuimsíonn sonraí ón bhfoirm chlárúcháin a

chuir an tiarna talún nó gníomhaire isteach. Cuimsíonn an clár seoladh na teaghaise ar síos; cur síos ar an teaghais; líon na seomraí agus áiteanna leapa; agus an t-achar urláir.

Ní chuimsíonn an clár foilsithe aon eolas a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le haitheantas an tiarna talún ná an tionónta, ná suim an chíosa a bhíonn iníoctha a nochtadh.

### Cén chaoi a bhféadtar seiceáil cé acu an bhfuil teaghais ar cíos cláraithe nó nach bhfuil?

Chun an clár foilsithe a sheiceáil, téigh go dtí suíomh Idirlín an BTCP ag [www.prtb.ie](http://www.prtb.ie). Téigh go dtí an Clár Foilsithe agus cíceáil ar an gcontae bainteach agus cuardaigh le haghaidh seoladh na teaghaise ar cíos. Tá an clár le fáil i bhformáid PDF agus excel. Leasaítear an clár foilsithe chun dáta ar an suíomh Idirlín ar bhonn míosúil. Má tá tú ar an eolas mar gheall ar theaghais ar cíos nach bhfuil cláraithe, is féidir leat é seo a chur in iúl don Bhord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha, faoi rún docht, ach ríomhphost a sheoladh chuig [Enforcement@prtb.ie](mailto:Enforcement@prtb.ie)

### Rialtas Comhleanúnach sa Bhord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha

Tá an BTCP tiomanta do rialtas comhleanúnach feabhsaithe agus déantar sonraí a mhalarú idir an BTCP agus comhlachtaí eachtracha ar aon dul leis an Acht um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004 (arna leasú) agus le reachtaíocht bhainteach eile.

**An Roinn Coimirce Sóisialaí:** Faighteann an BTCP sonraí ón Roinn Coimirce Sóisialaí ar bhonn ráithiúil maidir le teaghaisí ina bhfaigheann na tionóntaí an fordheontas cíosa. Cuireann an Bord na sonraí seo i gcomparáid le bunachar sonraí na gclárúcháin tionóntachtaí agus tionscnaíonn sé imeachtaí forfheidhmithe sa chás nach bhfuil na tiarnaí talún cláraithe. I mBealtaine 2011, tugadh céim eile den Chóras nua um Bainistiú Tionóntachtaí isteach d'fhonn tacú le hobair an BTCP ar riachtanais chlárúcháin a

fhorfheidhmiú agus í a dhéanamh uathoibríoch. Cuirfidh an feidhmchlár an BTCP ar a chumas comparáid uathoibríoch a dhéanamh idir bunachar sonraí na Roinne agus clár tionóntachtaí an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha agus sainaitheant a dhéanamh go huathoibríoch ar thiarnaí talún neamhchláraithe a bhfuil a gcuid tionóntaí ag fáil an fhorfheontais chiosa.

Faigheann an Roinn Coimirce Sóisialaí eastósc ó chlár tionóntachtaí an BTCP agus eolas eile, nuair a iarrann sí air, chomh maith chun cúnamh a thabhairt di i leith athbhreithnithe ar chiosa agus d'fhonn calaois in íocaíochtaí leasa shóisialta a chosc agus a aimsiú.

**Na Coimisinéirí Ioncaim:** Tugann an BTCP sonraí ó Chlár na dTionóntachtaí do na Coimisinéirí Ioncaim nuair a iarrann siad orthu. Thug an BTCP sonraí do na Coimisinéirí Ioncaim, chomh maith, maidir le 160 iarratas ar leith ar eolas a fuair sé le linn na tréimhse.

### Údarás Áitiúla - caighdeán tithíochta a

**fhorfheidhmiú:** Tugadh eastósc ó Chlár na dTionóntachtaí do gach Údarás Áitiúil i nDeireadh Fómhair 2010 d'fhonn cúnamh a thabhairt dóibh i leith iniúchtaí a dhéanamh ar chomhlíonadh íoschaighdeán i dtionóntachtaí ar cíos agus iad a fhorfheidhmiú.

### Údarás Áitiúla - tobhach as áit chónaithe

**phríobháideach neamhphríomha:** D'éascaigh an BTCP íoc an tobhaigh as áit chónaithe príobháideach neamhphríomha arís in 2010.

Bhí an BTCP ionadaithe ar leibhéal ardbhainistíochta ar an gcoiste a dhéanann maoirseacht ar an scéim. Tugadh eastósc ó Chlár na dTionóntachtaí do na húdaráis áitiúla in Aibhreán. Déantar gach malartú sonraí ar aon dul le forálacha an Achta Rialtais Áitiúil (Muirir), 2009.

**An Phríomh-Oifig Staidrimh:** Tugtar sonraí ó Chlár na dTionóntachtaí don Phríomh-Oifig Staidrimh de réir Alt 30 den tAcht Staidrimh, 1993 chun críche staidrimh de réir mar is gá.

## Cistiú Údarás Áitiúil trí Ioncam ón Táille Chlárúcháin

Ar aon dul le forálacha an Achta um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004, cuirtear cistiú ar fáil do na húdaráis Áitiúla chun costais iniúchtaí ar thionóntachtaí cónaithe príobháideacha ar cíos a chlúdach. De dhroim orduithe ar leith a thug an tAire Stáit do Thithíocht agus Seirbhísí Áitiúla, leithdháileadh trí sheachtach den ioncam a fuarthas ón táille chlárúcháin ar Údarás Áitiúla in 2010. Choinnigh an BTCP an chuid eile den ioncam chun a chuid costas oibríochtúil féin a chlúdach. Coinníonn an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha an chuid airgid seo i gcáil mhuiníneach, agus íocadh 5,600,000 amach d'Údarás Áitiúla de dhroim orduithe a thug an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, rud a chiallaíonn gur íoc an BTCP 20,682,515 amach ar an iomlán d'Údarás Áitiúla idir 2004 agus 2010.

*\*méadaíodh an íocaíocht d'Údarás Áitiúla go dtí 20% den táille chlárúcháin in Iúil 2010*

Tá tuilleadh eolais maidir le rátaí iniúchta na nÚdarás Áitiúil agus na íoschaighdeán nua i leith tionóntachtaí cónaithe príobháideacha ar cíos le fáil ar shuíomh Idirlín na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil: [www.environ.ie](http://www.environ.ie).

Tá sonraí maidir leis na cistí a bhí forchúitithe chuig gach ceann de na húdaráis Áitiúla le fáil ag an nasc seo a leanas:

<http://www.environ.ie/en/Publications/DevelopmentandHousing/Housing/FileDownload,23156,en.xls>

# **Seirbhísí Réitigh Achrann an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha**

*(Bhí méadú de 20% ar líon na n-iarratas  
ar Sheirbhísí Réitigh Achrann a fuarthas in 2010)*



## Gníomhaíochtaí Réitigh Achrann in 2010

Cuireadh dúshlán faoin tSeirbhís Réitigh Achrann in 2010 de bharr go bhfuarthas 2,230 iarratas ar réiteach achrainn, rud a bhí ina líon gan fasach agus a léirigh méadú de 20% i gcomparáid leis an líon a fuarthas in 2009. Bhí gearáin ó thiarnaí talún i gcoinne tionóntaí

maidir le riaráistí cíosa ina chúis leis an gcuid ba mhó den mhéadú seo. De thoradh air seo, mhéadaigh líon na ngearán a bhain le riaráistí cíosa ó 23% de na cásanna uile go dtí 31% in 2010.

	Cásanna in 2008	Athrú 2008/09	Cásanna in 2009	Athrú 2009/10	Cásanna in 2010
Iarratais a Fuarthas	1,650 cás	+13%	1,859 cás	+20%	2,230 cás
Orduithe Cinnidh a Rinneadh	516 ordú cinnidh	+78%	922 ordú cinnidh	+61%	1,481 ordú cinnidh*
Meánam próiseála na gcásanna ó dháta an iarratais go dtí dáta an Ordaithe Chinnidh	18 mí	Laghdú de 6 mhí	12 mhí	Laghdú de 4 mhí	8 mí ag deireadh 2010
Cásanna ag feitheamh le héisteacht	1,388	Laghdú de 47%	730	–	732

\* Bhí thart ar thrian de na hiarratais réitithe, tarraingthe siar ag iarratasóirí nó measadh go raibh siad tarraingthe siar de bharr nár fhreagair iarratasóirí comhfhreagras i rith an phróisis réitigh achrainn agus ní dhéantar orduithe cinnidh i gcásanna den chineál sin.

In ainneoin go raibh lagdú ar líon na mball foirne laistigh den rannóg réitigh achrainn, rinneadh an meánam próiseála le haghaidh achrainn a laghdú go dtí 8 mí, laghdú de 4 mhí i gcomparáid le 12 mhí in 2009. Bhí laghdú de 61% ar líon na n-orduithe cinnidh a rinne an Bord i gcomparáid le 2009 agus níor méadaíodh líon na gcásanna ag feitheamh le héisteacht in ainneoin go raibh méadú de ní ba mhó ná 20% ar líon na n-iarratas achrainn. Baineadh an laghdú ar am próiseála cásanna amach de bhrí go raibh baill foirne ag cur caoi sheolta éifeachtach ar phróisis ar bhonn leanúnach, agus de thoradh ar dhíograis na mball foirne sin laistigh den rannóg achrainn i dtreo éifeachtúlacht a uasmhéadú.

### Rochtain ar an tSeirbhís Réitigh Achrann

Déileálann an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha leis an tromlach d'achrainn idir tiarnaí talún agus tionóntaí san earnáil tionóntachtaí príobháideacha ar cíos in ionad na gCúirteanna. Tá an fhoirm iarratais le fáil ar líne ag [www.prtb.ie](http://www.prtb.ie) féadtar í a sheoladh chuig an iarratasóir tríd an bpost. Is é an táille a ghearrtar as úsáid na Seirbhíse Réitigh Achrann 25. Déanann suíomh Idirlín an BTCP páirtithe a atreorú chuig comhlachtaí eile a fhéadann comhairle agus treoir a thabhairt do thiarnaí talún agus do thionóntaí.

Ní féidir le tiarnaí talún iarratas a dhéanamh ar sheirbhísí réitigh achrann ach amháin sa chás go bhfuil a dtionóntachtaí cláraithe. Mar a cuireadh in iúl sa chuid den tuarascáil seo dar teideal ‘Clárúchán’, bhí clárúchán ar líne le fáil do thiarnaí talún ó mhí na Samhna 2010, agus is féidir le tiarna talún clárú ar líne i gcúpla nóiméad. Má chríochnaigh an tionóntacht cheana, tá an tiarna talún sin fós in ann an tionóntacht chríochnaithe sin a chlárú chun leas a bhaint as an tseirbhís réitigh achrann. Is féidir le tionóntaí agus tríú páirtithe leas a bhaint as an tseirbhís fiú mura bhfuil an tionóntacht cláraithe.

Tarlaíonn breithniú agus idirghabháil i seomraí éisteachta in oifig an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha i mBaile Átha Cliath, agus in oifigí éagsúla údarás áitiúil ar fud na tíre.

### Modhanna Réitigh Achrann

Is féidir le páirtithe atá bainteach le hachrann iarratas a dhéanamh ar bhreithniú nó idirghabháil mar mhodh réitigh achrainn.

Is modh réitigh achrainn é breithniú ina gceaptar breithneoir chun an fhianaise atá ag na páirtithe a spíonadh. Tá an éisteacht féin neamhfoirmiúil, ag a bhfiosraíonn an breithneoir gach a bhfuil i gceist. Déanann an breithneoir cinneadh a eiseofar chuig na páirtithe i ndiaidh na héisteachta. Mura mbíonn ceachtar páirtí sásta leis an gcinneadh, beidh 21 lá aige ón lá a eisíodh an cinneadh chun achomharc in aghaidh an chinnidh sin chun binse tionóntachta. D’fhéadfadh an breithneoir cúnadh a thabhairt do na páirtithe teacht ar réiteach. Bíonn na comhaontuithe a dhéantar ag Breithnithe faoi réir tréimhse shuaimhnithe de 21 lá, agus ní féidir iad a achomharc chun binse tionóntachta ina diaidh sin; cuirtear comhaontuithe den chineál seo faoi bhráid an Bhoird chun Ordú Cinnidh a dhéanamh a chuimsíonn téarmaí an chomhaontaithe. Rinneadh roinnt cásanna a bhain le héarlaisí coimeáda a réiteach trí bhreithniú páipéarbhunaithe. Sa phróiseas seo, iarrtar ar na páirtithe aighneachtaí i scríbhinn a chur isteach chun tacú lena gcás agus aon

fhianaise bhainteach a chur ina dteannta, mar shampla, grianghraif nó sonraisc. Seoltar cóipeanna de gach aighneacht ar aghaidh chuig gach páirtí agus leagtar tréimhse ar leith amach ina nglacfar le freagairt ar na haighneachtaí éagsúla. Seoltar na hábhair chlóite ar aghaidh chuig Breithneoir ansin agus déanann sé cinneadh ar an gceist. Cuirtear an tuarascáil maidir leis an gcinneadh seo faoi bhráid na bpáirtithe uile agus bíonn sé faoi réir na tréimhse achomhairc céanna atá i gceist le breithniú (thuas).

Má ghlacann an bheirt pháirtithe le hidirghabháil, áfach, déanfar idirghabhálaí de chuid an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha a cheapadh chun cúnadh a thabhairt do na páirtithe i dtreo an t-achrann a réiteach idir an bheirt pháirtithe féin. Sa chás go bhféadann an t-achrann a réiteach in idirghabháil, cuirtear an comhaontú idir na páirtithe faoi bhráid an Bhoird chun Ordú Cinnidh a dhéanamh a chuimsíonn téarmaí an chomhaontaithe. Mura féidir teacht ar réiteach, is féidir leis an iarrthóir iarratas a dhéanamh chun an t-ábhar a chur faoi bhráid binse tionóntachta.

Mura ndéanfaí cinneadh a rinneadh ag breithniú nó idirghabháil a achomharc, ghlacfaí leis an gcinneadh sin mar Ordú Cinneadh an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha i leith an t-achrann a réiteach. Is féidir le páirtithe iarraidh ar na cúirteanna an t-ordú seo a fhorfheidhmiú i gcásanna neamhchomhlíonta. Is é polasaí an BTCP gach Ordú Cinnidh a fhoilsiú ach amháin i gcásanna idirghabhála, a mbíonn a dtorthaí faoi rún.

### Painéil Breithneoirí agus Idirghabhálaithe a Cheapadh agus a Oiliúint

Déanann an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha breithneoirí agus idirghabhálaithe neamhspleácha a cheapadh chun achrainn maidir le tionóntachtaí a réiteach. Chuaigh painéal 2007 - 2010 as feidhm i mí na Nollag, 2010. Ba mhaith leis an BTCP buíochas a ghabháil le hiarbhaill an phainéil as ucht a gcuid oibre agus a gcuid tiomantais le trí bliana anuas. Rinne an BTCP comórtas oscailte a reáchtáil i mí na


Samhna 2010, tríd an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, a chuir fáilte roimh dhaoine oiriúnacha iarratas a dhéanamh chun a bheith mar bhaill an phainéil nua ó Eanáir 2011. Chuimsigh an próiseas roghnúcháin scrúdú maidir leis an tAcht um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004, rólghlacadh agus agallamh iomaíoch.

Íoctar táille chomhréidh de 660 in aghaidh an lae do bhreithneoirí agus idirghabhálaithe agus éistean siad le roinnt cásanna ar an lá sin. Tá breithneoirí agus idirghabhálaithe faoi réir comhaontaithe seirbhíse chomh maith. Liostaítear na baill de phainéal 2007 - 2010 in Aguisín 2 na tuarascála seo.

### Staitisticí maidir le Réiteach Achran in 2010

Le linn 2010, fuair an BTCP 2,230 iarratas ar réiteach achrainn. Léiríonn an figiúr seo méadú de 20% ar líon na n-iarratas a fuarthas in 2009. Faigheann an BTCP 42 iarratas ar réiteach achrainn ar an meán in aghaidh na seachtaine. Baineann 51% de na hiarratais seo le Baile Átha Cliath agus baineann 49% leis an gcuid eile den tír.

### Miondealú ar na cásanna go léir 2010 ag Páirtí an Iarratasóra




In 2010, rinne tionóntaí 59% de na hiarratais ar réiteach achrainn, tiarnaí talún 37%, agus tríú páirtithe 4%. Méadaíodh líon na gcásanna a thionscain tiarnaí talún ó 29% de na hiarratais ar fad in 2009 go dtí 37% in 2010 de bharr gur méadaíodh líon na gcásanna a bhain le tionóntachtaí i riaráistí cíosa den chuid ba mhó.

I gcomparáid le 2009, méadaíodh líon na gcásanna maidir le riaráistí cíosa a thionscain tiarnaí talún ó 23% de na hiarratais ar fad go dtí 31%. In ainneoin an mhéadaithe seo, bíonn éarlaisí coimeádta fós ina gcúis le níos mó iarratais ar réiteach achrainn ná aon rud eile, agus níor athraigh an scéal seo ó cuireadh an BTCP ar bun in 2004.

Tugann an chéad chairt eile breac-chuntas ar na catagóirí achran is coitianta a chuireann tiarnaí talún, tionóntaí agus tríú páirtithe faoi bhráid an Bhoird.

### Miondealú ar fad 2010 Cásanna de réir Chineál Díospóide




### Iarratais ar Réiteach Achrainn ó Thionóntaí

Mar a dúradh roimhe seo, bíonn éarlaisí coimeádta fós ina gcúis le níos mó iarratais ó thionóntaí chuig an BTCP ná aon rud eile. Seasann an chatagóir seo do 43% de na cásanna achrainn uile a cuireadh faoi bhráid an Bhoird le linn na bliana, agus 72% de na cásanna a bhí tionscanta ag tionóntaí.


Is leis an tionónta an éarlais. Tá tionóntaí i dteideal dlíthiúil aisíoc a n-éarlaisí nuair a théann tréimhse chomhaontaithe na tionóntachta as feidhm ar chuntar nach bhfuil siad i riaráistí cíosa, nach bhfuil cánacha, billí ná táillí eile fós le híoc acu agus nach ndearnadh aon dochar don teaghais seachas gnáthchaitheamh agus gnáthchumilt. De réir Alt 115 den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004, is féidir le breithneoirí damáistí a dhámhachtain i gcoinne tiarnaí talún a choimeádann éarlaisí gan chúis.

### Miondealú ar fad 2010 Cásanna curtha ar aghaidh ag Tionóntaí



I 42% de na horduithe cinnidh uile a bhain le héarlaisí in 2010, d'ordaigh an BTCP tiarnaí talún an éarlais ina hiomláine a íoc ar ais, agus d'ordaigh sé tiarnaí talún cuid den éarlais a íoc ar ais i 37% de na cásanna. Rinne an BTCP cinneadh go raibh sé de cheart ag an tiarna talún an éarlais a chóiméad i 21% de na cásanna.

### 2010 Cinntí maidir le díospóidí Coinneáil Taisce




### Iarratais ar Réiteach Achrainn ó Thiarnaí Talún

Bhí riaráistí cíosa ina gcúis leis an chuid ba mhó de na gearáin a rinne tiarnaí talún arís in 2010. Bhain 31% de na hachrainn ar fad a cuireadh faoi bhráid an Bhoird le linn 2010 le riaráistí ina n-iomláine nó cuid díobh, i gcomparáid le 23% in 2009.

Tá riachtanas dlí ar thionóntaí a gcíos a íoc nuair a bhíonn sé dlite, beag beann ar cé acu an bhfuil siad páirteach in achran leantach leis an tiarna talún. Is féidir le tiarna talún fógra foirceanta a sheirbheáil ar thionónta atá i riaráistí cíosa. Chun tionóntacht atá i riaráistí cíosa a fhoirceannadh, ní mór don tiarna talún

### Miondealú ar fad 2010 Cásanna curtha ar aghaidh ag Tiarnaí Talún



litir a sheoladh chuig an tionónta 14 lá sula seoltar an fógra bailí foirceanta 28 lá chuige. Tá sé tábhachtach do thiarnaí talún tabhairt faoi deara dá measfadh breithneoir de chuid an BTCP go bhfuil an fógra foirceanta neamhbhailí, bheadh sé in ann déileáil leis na riaráistí cíosa ar an lá, ach ní fhéadfadh sé an tionóntacht a fhoirceannadh. Mionsonraíonn an tAcht um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004 an fhormaid le haghaidh Fógraí 14 Lá ar Riaráistí, Fógraí Foirceanta, agus is féidir eolas ginearálta a fháil maidir leo ar shuíomh Idirlín an BTCP ag [www.prtb.ie/disputes](http://www.prtb.ie/disputes).

## **Binsí Tionóntachtaí an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha**

*Bhí méadú de 93% ar líon na mBinsí a tionóladh in  
2010 i gcomparáid le 2009 ach ina ainneoin sin,  
ní raibh aon athrú ar an am próiseála de 2 go 3 mhí.*

## Binsí Tionóntachtaí 2010


Cuirtear achrann faoi bhráid Binse Tionóntachta (i) sa chás go ndéanann aon pháirtí cinneadh an bhreithneora a achomharc laistigh de 21 lá, nó (ii) sa chás nach féidir an chás a réiteach trí idirghabháil agus déanann aon pháirtí iarratas ar an gcás a chur ar aghaidh chuig Binse Tionóntachta. I gcásanna eisceachtúla, is féidir leis an BTCP achrann a chur ar aghaidh chuig an mBinse nuair is léir go bhfuil baol ann go ndéanfadh dochar don teaghais nó go mbeadh aon pháirtí i mbaol.

Tá triúir ar gach Binse Tionóntachta. Tá gach duine den triúir ina mbaill de Choiste Réitigh Achrann an Bhoird. Éistear leis na fíricí ar fad maidir leis an gcás ag an mBinse, nó, le toiliú na beirte páirtí, d'fhéadfaí díriú ar aon shaincheist ar leith. Bíonn Binsí níos foirmiúla ná éisteachtaí agus éilítear ar gach páirtí mionna nó dearbhasc a thabhairt sula dtugann siad fianaise. Bíonn

luathscríbhneoir i láthair ag Binsí chomh maith. Tionólan an Binse Tionóntachta gach éisteacht os comhair an phobail, agus tá a chuid feidhmeanna garbhreithiúnach chomh maith. Foilsítear Tuarascálacha na mBinsí ar shuíomh Idirlín an BTCP ag [www.prtb.ie](http://www.prtb.ie).

In 2010, dhéileáil an BTCP le méadú gan fasach de 93% ar éisteachtaí binsí i gcomparáid le 2009. Thionóil sé thart ar 340 Binse Tionóntachta ach ina ainneoin sin, d'éirigh leis am próiseála na n-éisteachtaí seo a choinneáil ag dhá go trí mhí ar an meán. Is léir go bhfuil líon na n-achomharc a chuirtear ar aghaidh chuig Binse Tionóntachta ag dul i méid fós, le 37 éisteacht in 2005 agus 340 éisteacht in 2010. D'éirigh leis an BTCP meánam próiseála na n-éisteachtaí binse a laghdú ó 6 - 8 mí in 2007 agus an chuid ba mhó de 2008, go dtí 2 - 3 mhí ar an meán in 2009 agus 2010.

### Cásanna 2005-2010 Heard v Amanna Feithimh Meán



## Tinreamh agus Luach Saothair Bhaill na mBinsí in 2010

BAILL AN CHOISTE RÉITIGH ACHRANN	BALLRÁÍOCHT BINSÍ IN 2010		Iomlán na dTáillí a Fuarthas
	Mar Bhaill	Mar an gCathaoirleach	
Aidan Brennan	12	2	0
James Bridgeman	17	6	€18,720
Anne Colley	26	10	€30,942
Charles Corcoran	28	4	€18,153
Orla Coyne	8	27	€23,427
Gus Cummins	29	7	€22,626
Keara Donnelly	30	6	€24,264
Tom Dunne	19	6	€19,494
John Elliott	22	4	€20,691
Michael Farry	22	6	€15,318
Geraldine Feeney	27	9	€27,927
Paul Good	22	8	€19,575
Aideen Hayden	15	30	€40,518
Mary Heaslip	29	8	€27,837
Bill Holohan	23	3	€14,796
Nesta Kelly	27	7	€25,038
John Lynch	24	5	€19,188
Finian Matthews	13	25	€36,252
Ciaran McNamara	0	0	0
Fintan McNamara	21	13	€26,685
Mary H. Morris	20	5	€17,253
Henry Murdoch	25	11	€20,790
Liam Nolan	22	9	€22,761
Liam O'Donnell	24	0	€12,771
Cian O Lionáin	12	2	0
An tOllamh Eoin O'Sullivan	15	27	€33,759
Dervla Quinn	25	11	€29,439
An tOllamh Bairbre Redmond	18	10	€17,775
Thomas J. Reilly	8	25	€28,035
Patrick J. Riney	24	3	€16,344
Tony Taaffe	25	11	€26,424
Gene Feighery	19	17	€24,705
John Tiernan	12	11	€11,277
Vincent P Martin	17	12	€20,142
<b>Iomlán</b>	<b>680</b>	<b>340</b>	<b>€712,926</b>

Is iad na táillí iomlána sa tábla na fiortháillí a íocadh in 2010 faoi réir ÍMAT. Cuimsíonn na hiocaíochtaí seo íocaíochtaí le haghaidh gníomhaíochtaí na bliana seo caite agus ní chuimsíonn siad na táillí a bhí iníochta ag deireadh na bliana. Léiríonn na táillí atá luaite i Ráitis Airgeadais 2010 na táillí atá iníochta nó a bhí íochta as obair a rinneadh le linn na bliana.




### Staitisticí maidir leis na Binsí in 2010


Le linn 2010, fuarthas 485 iarratas ar achomharc chun Binse Tionóntachta. Mheas an Bord iad agus cheadaigh sé 420 iarratas agus dhiúltaigh sé do 65 acu. Dhiúltaigh an Bord d'achomhairc de bharr go raibh siad déanach nó nach raibh an táille chuí ina dteannta. Tionóladh 340 binse in 2010. Bhí sé seo ina mhéadú de 93% ar líon na n-éisteachtaí binse a tionóladh in 2009 (2010). Bhí 20% de na hachomhairc in 2010 ina n-achomhairc ar chásanna breithnithe pháipéarbhunaithe, 75% ina n-achomhairc ar chásanna breithnithe ó bhéal agus bhí 5% curtha ar aghaidh ó idirghabháil. Tarraingíodh 59 achomharc siar roimh an éisteacht.

Bhain 53% de na Binsí Tionóntachta a tionóladh le linn 2010 le Baile Átha Cliath, agus bhain 47% de na Binsí Tionóntachta leis an gcuid eile den tír. Tionóladh 65% de na Binsí i mBaile Átha Cliath agus tionóladh 35% in áiteanna éagsúla ar fud na coda eile den tír. Tionóladh na Binsí Tionóntachta a bhain le háiteanna mórthimpeall Bhaile Átha Cliath, lenar áiríodh inter alia Cill Mhantáin, Cill Dara, an Mhí, agus Lú, in oifigí an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha i mBaile Átha Cliath.


### Cásanna sa Tuath i gcomparáid le Baile Átha Cliath



### Éisteachtaí Binse de réir an Ionaid



### Binsí: Miondealú ar Chásanna lenar Éisteadh in 2010 de réir an Achomharcóra




Tháinig ní ba mhó ná leath (52%) de na hachomhairc a cuireadh ar aghaidh chuig Binse Tionóntachta in 2010 ó thiarnaí talún, 47% ó thionóntaí agus 1% ó thríú páirtithe.

### Cásanna maidir le hÉarlaisí Coimeádta a achomharcadh chuig Binse


Éilíonn Alt 12 den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004 ar thiarnaí talún aon éarlais a d'íoc an tionónta don tiarna talún a thabhairt ar ais nó a aisíoc go pras ach amháin de réir an Achta.

Is iad na cásanna maidir le cóiméad éarlaisí an chatagóir achomhairc is mó a chuirtear ar aghaidh chuig Binse Tionóntachta, agus sheas siad do 47% de na héisteachtaí binse ar an iomlán in 2010. I 77% de na cásanna seo, chinn an Binse go mbeadh ar na tiarnaí talún cuid den éarlais nó an éarlais ina hiomláine a íoc ar ais dá dtionóntaí.

### Miondealú ar Gach Cás Binse in 2010 de réir Chineál an Achrainn



### Cinntí ar Achrainn maidir le hÉarlaisí Coimeádta




### Cásanna maidir le Díshealbhú Neamhdhleathach

Tarlaíonn díshealbhú neamhdhleathach tionóntachta nuair a chuireann tiarna talún bac, trí fhórsa, imeaglú nó eile, ar thionónta agus é ag iarraidh rochtain ar an teaghais ar cíos agus/nó nuair a bhaineann sé giuirléidí an tionónta den teaghais, beag beann ar cé acu an raibh Fógra Foirceanta seirbheáilte i leith na tionóntachta nó nach raibh. Tá líon na ndámhachtainí ar thionóntaí, mar chúiteamh ar an struis agus míchaoithiúlacht a cruthaíodh de dheasca dhíshealbhú neamhdhleathach na tionóntachta, tar éis laghdú ó 11% de na cásanna a bhain le díshealbhú neamhdhleathach in 2009, go dtí 7% de na cásanna in 2010. Dámhadh damáistí idir 600 agus 15,000 ag brath ar chineál agus chúinsí an díshealbhaithne neamhdhleathaigh.

**Dámhadh damáistí suas go €15,000 ar thionóntaí a dhíshealbhaíodh go neamhdhleathach le linn 2010.**

### Miondealú ar Dhamáistí a Dámhadh de dhroim Foirceannadh Neamhdhleathach Tionóntachta (díshealbhú neamhdhleathach)




chlúdach. Bhí idir 1,000 agus 5,000 i gceist leis na costais seo, nó 2,750 ar an meán. I bhformhór na gcásanna seo, níor fhreastail an t-achomharcóir ar an éisteacht agus níor thug sé cúis mhaith leis. I roinnt cásanna, áfach, d'fhreastail an t-achomharcóir, nó gníomhaire nó ionadaí a bhí ag feidhmiú thar a cheann ar an éisteacht agus dámhadh na costais ar an BTCP go fóill. Mar shampla, nuair a d'fhreastail an t-achomharcóir ar an mBinse Tionóntachta ach ní raibh sé ar aon eolas faoin achrann agus ní raibh sé in ann aon fhianaise nua a thabhairt ar aird d'fhonn cúnaimh a thabhairt i leith déileáil leis an iarratas ar achomharc.

I bhformhór na gcásanna, ní raibh ceachtar páirtí faoi ionadaíocht dhlíthiúil ag éisteachtaí na mBinsí. Bhí tionóntaí faoi ionadaíocht dhlíthiúil ag Éisteachtaí na mBinsí ag 28% de na cásanna, bhí tiarnaí talún faoi ionadaíocht dhlíthiúil ag 16% de na cásanna agus bhí tríú páirtithe faoi ionadaíocht dhlíthiúil ag 1% de na cásanna.


### Costais a Dámhadh ar an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha

Tá an chumhacht ag an mBinse, de réir Alt 115(2)(i) den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004, ordú do pháirtí amháin nó níos mó cuid de na costais nó na costais ina n-iomláine a thabhaíonn an Binse a íoc. Mar shampla, d'fhéadfaí na costais a dhámhachtain nuair nach gcomhoibríonn páirtí i dtreo an t-achrann a réiteach, nó, nuair nach bhfreastalaíonn an t-achomharcóir/an t-iarratasóir ar an mBinse gan cúis mhaith nó nuair nach gcuireann sé aighneacht i scríbhinn maidir lena chás achomhairc faoi bhráid an Bhinse. D'fhéadfadh an Binse a mheas go raibh an éisteacht tionólta de dheasca mhí-úsáid an phróisis réitigh achrann chomh maith. I gcás 6% de na Binsí Tionóntachta a tionóladh le linn 2010, dámhadh na costais ar an BTCP d'fhonn speansais an Bhinse a

### Miondealú ar Chostais nó Speansais a thabhaigh an Binse a Dámhadh -



### Ionadaíocht Dhlíthiúil ag Binsí





## **Orduithe Cinnidh arna bhFhorfheidhmiú ag an BTCP**

*Fuarthas 561 iarratas nua ar fhorfheidhmiú le linn 2010*


## Seirbhísí Forfheidhmithe 2010

Ordaíonn an tAcht um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004 go gcaithfear Ordú Cinnidh a dhéanann an BTCP a chomhlíonadh agus go bhféadfaí an tOrdú sin a fhorfheidhmiú trí ionchúiseamh coiriúil nó imeachtaí sibhialta a thionscnamh, nó an dá cheann acu. Bíonn impleachtaí tromchúiseacha i gceist do pháirtithe nach gcomhlíonann Ordú de chuid an BTCP.

Ní fhéadann ach an BTCP duine a ionchúiseamh i gcion, agus chuirfí os comhair na Cúirte Dúiche é. Féadtar pionóis thromchúiseacha a ghearradh ar dhuine atá faighte ciontach i gcion, lena n-áirítear fíneáil suas go dtí 3,000 agus/nó tréimhse príosúnachta suas go dtí 6 mhí, chomh maith le fíneáil de 250 in aghaidh an lae i gcás neamh-chomhlíonadh leantach. Chomh maith le hionchúiseamh coiriúil, is é polasaí an BTCP Ordú Cúitimh a iarraidh suas go dtí uas-suim a fhéadann an Chúirt Dúiche a dhámhachtain (i.e. beagnach 6,350) sa chás go bhfuil suim airgid ar an bpáirtí neamh-chomhlíontach.

Ar an taobh eile, tionscnaítear imeachtaí sibhialta sa Chúirt Chuarda. Is féidir le haon pháirtí imeachtaí sibhialta a thionscnamh. Iarrann a lán cliant ar an BTCP Orduithe Cinnidh a fhorfheidhmiú thar a gceann, áfach. Ina leith seo, déanann Alt 124 den Acht foráil gur féidir leis an BTCP nó páirtí eile (i.e. an páirtí atá ag iarraidh fhorfheidhmiú an Ordaithe Chinnidh) iarratas a dhéanamh chun na Cúirte Cuarda ar Ordú a ordaíonn an páirtí neamh-chomhlíontach Ordú Cinnidh an BTCP a chomhlíonadh. Dá n-éireodh leis an BTCP Ordú a fháil ón gCúirt Chuarda agus mura gcomhlíonadh an páirtí an tOrdú go fóill, d'fhéadfadh an BTCP iarratas a dhéanamh ar astú agus chimiú an pháirtí neamh-chomhlíontaigh. Cé gur faoi lánrogha na Cúirte a bhíonn cinntí den chineál seo, d'fhéadfaí an duine a chur faoi phríosúnacht de dhroim iarratais ar astú agus chimiú.

### Requests received by year



Beag beann ar an gcineál imeachta dlí atá ann, is é polasaí an BTCP iarracht a dhéanamh ar gach costas riaracháin agus dlí a ghnóthú, agus ina leith sin, bhí na Cúirteanna sásta costais a dhámhachtain den chuid ba mhó.

Baineann an t-eolas thuasluaite le polasaithe an Bhoird a bhí i bhfeidhm le linn na tréimhse atá i gceist, i.e. an bhliain 2010. De réir na reachtaíochta, áfach, níl sé de dhualgas ar an mBord Orduithe Cinnidh dá chuid féin a fhorfheidhmiú, agus mar gheall air sin is féidir leis an mBord athruithe a dhéanamh ar an bpolasaí seo ag aon am ar bith.

### Iarratais nua ar Fhorfheidhmiú a Fuarthas in 2010

Fuarthas 561 iarratas nua ar fhorfheidhmiú le linn 2010. Ciallaíonn sé seo go bhfuarthas 252 iarratas sa bhreis ar an líon a fuarthas an bhliain roimhe, nó méadú de 45% in aon bhliain amháin.

Tá gach cosúlacht ann gur de bharr na géarchéime geilleagraí cuid den mhéadú seo. Léiríonn sé seo chomh maith an méadú suntasach a bhí ar líon na gcásanna lenar dhéileáil Rannóga Réitigh Achrann an BTCP.


Fuarthas cúpla iarratas ní ba mhó ó thionóntaí (278) ná ó thiarnaí talún (269), agus ní bhfuarthas ach 14 iarratas ó thríú pháirtithe. Bhí sé seo ar aon dul le treocht na mblianta roimhe.

### Iarratais nua ar Fhorfheidhmiú a Fuarthas in 2010 de réir Chineál an Achrainn

#### Fuarthas 561 iarratas ar an iomlán le linn 2010

Is léir ó na 269 iarratas a fuarthas ó thiarnaí talún go raibh na príomhfhadhbanna a bhí acu bainteach le riaráistí cíosa; bhain 121 iarratas le riaráistí cíosa, 92 iarratas le riaráistí cíosa agus sárú oibleagáidí an

### Páirtithe iarraidh forfheidhmithe 2010



tionónta, bhain 21 iarratas le róshealbhú agus sárú oibleagáidí an tionónta, agus bhain na 35 cás eile le saincheisteanna eile.


As na 278 iarratas a fuarthas ó thionóntaí, bhí an phríomhdheacracht a bhí acu bainteach le cóiméad éarlaisí; fuarthas 221 iarratas a bhain le cóiméad éarlaise, bhí foirceannadh neamhdhleathach luaite i 24 iarratas, agus bhain na 33 cás eile le saincheisteanna eile. Chuaigh 279 de na hiarratais seo ar aghaidh go dtí an chéim dhlíthiúil roimh dheireadh na bliana.

Fuarthas 14 iarratas ó thríú páirtithe. Bhain an chuid ba mhó acu siúd le tiarnaí talún nach ndearna oibleagáidí an tionónta a fhorfheidhmiú.




Sonraí maidir leis na Príomh-shaincheisteanna a Atreoáíodh le haghaidh Forfheidhmiú in 2010


Iarratais a fuarthas ó thionóntaí



Iarratais a fuarthas ó thiarnaí talún



Obair idir Lámha - Stádas na gCásanna



### Cásanna Forfheidhmithe a tugadh ar aghaidh go dtí 2010 ó bhlianta roimhe

Chomh maith leis na 561 iarratas ar fhorfheidhmiú a fuarthas le linn 2010, dhéileáil Aonad Forfheidhmithe an BTCP le 197 cás a bhí fós ar oscailt ag deireadh 2009.

### Torthaí Rathúla

Bhain Aonad Forfheidhmithe an BTCP comhlíonadh nó socraíocht amach i 138 cás in 2010 gan gá le himeachtaí dlí a thionscnamh; 111 cás a fuarthas le linn 2010 agus 27 cás a tugadh ar aghaidh ó 2009.

### Caingne Dlí

Nuair nár éirigh leis an BTCP comhlíonadh a bhaint amach trí mhodhanna neamhdhlíthiúla i 76 cás, chuir sé na cásanna sin faoi bhráid comhairleoirí dlíthiúla dá chuid le haghaidh ionchúiseamh coiriúil nó imeachtaí sibhialta a thionscnamh de dheasca neamh-chomhlíonadh a Orduithe. D'éirigh leis an BTCP i 16 chás a chuaigh os comhair na gCúirteanna le linn 2010; bhí an té ciontaithe i gcion i 3 chás agus rinneadh fíneálacha agus costais a dhámhachtain ar an BTCP; i 13 chás shibhialta eile, bhain an BTCP Orduithe Cúirte amach a sheas le hOrduithe Cinnidh an Bhoird agus rinneadh na costais a dhámhachtain ar an BTCP chomh maith. D'éirigh leis an BTCP socraíocht agus/nó comhlíonadh iomlán, chomh maith le costais, a bhaint amach i 10 gcás eile sula ndeachaigh siad os comhair na gCúirteanna.

### Impleachtaí ó thaobh Costais de

Ba chóir a thabhairt faoi deara go mbíonn na Cúirteanna i bhfabhar costais a dhámhachtain ar an BTCP de ghnáth. Chomh maith leis sin, baineadh comhlíonadh amach i gcás áirithe tar éis imeachtaí dlí a thionscnamh don BTCP. Sa chás seo, lean an BTCP ar aghaidh leis an ionchúiseamh agus d'éirigh leis.

Is é polasaí an BTCP costais a iarraidh nuair a bhí dáta éisteachta socrúithe le haghaidh an cháis, beag beann ar cé acu ar thángthas ar socraíocht sula ndeachaigh sé os comhair na Cúirte.

Lasmuigh de na pionóis atá leagtha amach sa reachtaíocht, bíonn impleachtaí forleathana i dtéarmaí costas, a fhéadann a bheith suntasach go minic, i gceist nuair nach gcomhlíontar Ordú Cinnidh.



# **Straitéis Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide**

## Straitéis Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide

### Forbhreathnú1

Is gné lárnach dár bPlean Corparáideach agus ár straitéis amach anseo í infheistíocht an BTCP i dTeicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide. Tá sé beartaithe go mbaintear leas as TFC chun roghanna féinseirbhíse a chur ar fáil do chliant agus d'fhonn éifeachtúlacht níos fearr a bhaint amach trí phróisis a dhéanamh uathoibríoch go himheánach, rud a íoslaghdóidh, oiread agus is féidir, an tionchar a imreoidh líon níos lú ball foirne agus an cinneadh chun an BTCP a fheidhmiú ar bhonn féinmhaoinithe agus deireadh a chur le haon mhaoiniú ón státchiste, ar ár gcuid seirbhísí. Cuirfidh céim dheireanach an thionscadail isteach ar roinnt cliant na Seirbhíse Réitigh Achrann ar fheadh roinnt seachtainí ag deireadh 2011 fad is a bheidh an córas á thástáil agus á chur i bhfeidhm. Nuair a bheidh sí curtha i bhfeidhm ina hiomláine, cuimseoidh an straitéis:

- ▶ Pleananna Athshlánaithe ó Thubaiste agus Ballaí Dóiteáin Tionscalchaighdeánacha is fearr (beo in Iúil 2010)
- ▶ Clárúcháin ar líne agus áiseanna chun íocaíochtaí a dhéanamh ar líne (beo i mí na Samhna 2010)
- ▶ Mianadóireacht uathoibríoch sonraí a dhéanamh ar bhunachair shonraí eile na hearnála poiblí, ar nós an Bhunachair Shonraí maidir leis an bhFordheontas Cíos de chuid na Roinne Coimirce Sóisialaí (beo i mBealtaine 2011)
- ▶ Bainistiú Leictreonach Cásanna le haghaidh cásanna cúirte a bhaineann le clárúcháin a fhorfheidhmiú (beo i mBealtaine 2011)
- ▶ Scanadh gach cáipéisíochta a fhaightear i scribhínn agus úsáid a bhaint as aithint optúil carachtar agus aithint chliste carachtar (OCR/ICR) chun iad a

léamh go huathoibríoch nuair is féidir (beo i mí na Samhna 2011)

- ▶ Bainistiú Leictreonach Cásanna le haghaidh cásanna cúirte a bhaineann le hOrduithe Cinnidh a fhorfheidhmiú (beo i mí na Samhna 2011)
- ▶ Iarratas ar líne ar Sheirbhísí Réitigh Achrann agus ar Sheirbhísí an Bhinse (beo i mí na Samhna 2011)
- ▶ Comhad leictreonach / bainistiú cásanna le haghaidh seirbhísí réitigh achrann agus binsí, lena n-áirítear cianrochtain shlán do bhreithneoirí / idirghabhálaithe / bhaill an Choiste Réitigh Achrann (beo i mí na Samhna 2011)
- ▶ Tionscadal i gcomhpháirt le An Post chun míreanna sa phost a rianú nuair is gá cruthúnas seirbhíse a fháil.
- ▶ An Chéad Innéacs Náisiúnta Cíos a sheoladh (beo i mí na Nollag 2011)
- ▶ Athdhearadh an tSuimh Idirlín (beo in Eanáir 2012)

Beidh an lán buntáistí i gceist dár gcliaint agus don BTCP nuair a bhainfear an éifeachtúlacht níos fearr amach de dhroim na seirbhísí nua seo. Díreach cosúil le gach ríomhthionscnamh an Rilatais, braithfidh sé seo ar an líon is mó daoine agus is féidir a spreagadh chun na seirbhísí nua seo úsáid.

### Seoladh an Chórais um Bainistiú Tionóntachtaí (CBT)

Ar 8 Samhain 2010, sheol an tAire Stáit do Thithíocht agus Seirbhísí Áitiúla, Michael Finneran T.D., an Córas um Bainistiú Tionóntachtaí (CBT) ag ócáid i dTeach an Chustaim. Leag an tAire béim ar an mbealach

samhlaíoch agus soiléir a rinneadh maoirseacht ar an tionscadal agus dúirt sé gur bhuntáiste mór é don BTCP go raibh gairmithe TFC, a raibh taithí cruthaithe sa réimse seo acu ó phríomhchomhlachtaí na hearnála poiblí ar nós Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, na gCoimisinéirí Ioncaim agus na Gníomhaireachta Bainistíochta Rialtais Áitiúil (GBRA), sásta fónamh ar an gCoiste Stiúrtha TFC. Bhí an taithí, agus an cúnamh praiticiúil, a tháinig go dtí an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha tríd an gCoiste seo fíorluachmhar agus tá sé fós mar bhonn agus thaca ag an gcaidreamh rathúil oibre idir foireann an BTCP, an conraitheoir TC agus gníomhaireachtaí eachtracha. Glacadh leis gur thionscadal suaitheanta é de bharr gur cuireadh réitigh nuálacha teicniúla i bhfeidhm ar mhaithe le fíor-roinnt eolais agus fíor-chomhoibriú idir gníomhaireachtaí poiblí. Chuir an tAire in iúl chomh maith, anois agus na seirbhísí clárúcháin ar líne ar an bhfód, nach mbeadh aon seans ann go bhféadfaimis an tseirbhís is fearr a sholáthar don phobal gan feidhm iomlán a bhaint as córais chliste TFC d'fhonn dul i ngleic leis an mbrú mór atá ag cur isteach ar acmhainní soláthair foirne faoi láthair.

## Dul Chun Cinn in 2010

Bhí 2010 ina bhliain ríthábhachtach i leith úsáid TFC laistigh den BTCP. Tar éis an conradh um sholáthar an Chórais nua um Bainistiú Tionóntachtaí (CBT) a bhronnadh ar Vulcan System, caitheadh tús 2010 ag déanamh athbhreithniú ar na próisis ghnó a bhí ar thaobh clárúcháin an ghnó agus ag tionscnamh 3 fhréamhshamhail den chóras beartaithe. Ba de bharr an cur chuige nuálach seo, nach raibh íocaíochtaí déanta ach nuair a bhí táirgí seachadta ann, go rabhthas in ann a mheas cé acu an raibh na gnéithe a bhí á seachadadh ar aon dul leo siúd a bhí sonraithe inár larraidh ar Thairiscint (IAT) ar dtús. Osclaíodh an córas don phobal i gcoitinne i nDeireadh Fómhair 2010, uair nach raibh ach dhá mhí ní ba dhéanaí ná na chéad mheastacháin. Tá an

seanchóras, RACTS, fós ar fáil le haghaidh tagairt stairiúil agus rinneadh é a aistriú go dtí timpeallacht ina bhféadtar é a choinneáil. Faoi Nollaig 2010, bhí thart ar 26% de na clárúcháin á ndéanamh ar líne, ach bhí 74% díobh á ndéanamh i scríbhinn go fóill d'ainneoin feachtas náisiúnta a craoladh ar fud fad na tíre. Bhí an figiúr seo ní b'fhearr ná ríomhthionscnaimh iomráiteacha eile an Rialtais cosúil le 'Mótarcháin ar Líne' agus 'Ceadúnas Teilifíse ar Líne', ach bhí sé ní ba mheasa ná an figiúr a bhí mar aidhm againn ag tús an tionscnaimh.

Taisceadh seiceanna a fhaightear i dteannta foirmeacha i scríbhinn ag tús an phróisis chlárúcháin anois trí phróisis nua atá éascaithe ag scanadh na seiceanna. Bhí an t-athrú seo ina chúis le méadú ar tháirgiúlacht agus ar líon na seiceanna a chuaigh tríd an Rannóg Airgeadais. Ní chuirtear aon mhoill ar ioncam a fháil ó sheiceanna anois ach i gcás foirmeacha neamh-chomhlíonta.

Iarradh ar thairiscintí le linn chéad ráithe 2010 chun 1) Freastalaithe agus Stóras; agus 2) Infreastruchtúr Líonra a sholáthar don BTCP i riocht is go ndéanfaí an trealamh a shuiteáil chun an CBT a óstáil. Bronnadh an conradh le haghaidh freastalaithe agus stórais ar Calyx (atá ag trádáil mar Unity anois) agus an conradh le haghaidh an infreastruchtúir líonra ar Diacom. Reáchtáladh comórtas eile i leith naisc líonra achair fhairsing (WAN) a sholáthar, rud a bronnadh ar Complete Telecom. Chuir an Gníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (GBRA) áiseanna óstála le haghaidh ár bhfreastalaithe Gréasáin ar fáil agus chuir sé an phlean athshlánaithe ó thubaiste i bhfeidhm. Baineadh úsáid as creat-chomhaontú an Rialtais dá chuid leis an gcuideachta próiseála ríomhíocaíochtaí Realex, chomh maith, chun cártaí creidmheasa agus dochair a phróiseáil ar líne.

Tugadh an freastalaí ba dhéanaí de chuid Microsoft, córas ríomhphoist agus córas bunachar sonraí isteach de thoradh ar na tionscnaimh seo d'fhonn maolú na

rioscaí a bheadh ann nuair a thabharfadh an CBT isteach, rud atá bunaithe ar Chóras Bainistíochta Caidreamh Custaiméirí de chuid Microsoft (Microsoft CRM) agus ar uirlisí comhoibrithe de chuid SharePoint. Tugadh Microsoft Office 2007 isteach le haghaidh na n-úsáideoirí laistigh den BTCP d'fhonn is go mbeidís in ann leas a bhaint as tuilleadh áiseanna atá ann sa chóras bainistíochta caidreamh custaiméirí. Cuireadh triail ar an bplean athshlánaithe ó thubaiste go rathúil sular osclaíodh an CBT don phobal i gcoitinne. Tá sé beartaithe go dtabharfaidh an Bord sainmhíniú ar amfhrámaí teipaistrithe agus go seachadfar iad le linn na bliana amach romhainn.

Tá an-suim ag ranna agus gníomhaireachtaí eile an Rialtais in úsáidí a bhaintear as Microsoft CRM i gcásanna ar nós chás an BTCP de bharr go méadaíonn suiteáil den chineál seo, ar a dtugtar córas BBC (Bainistíocht Bhreisithe Caidreamh) nó XRM i mBéarla, feidhmiúlacht an chórais gan cód a scríobh, rud a laghdaíonn an t-am a dtógann sé chun an tseirbhís a chur ar an margadh, a laghdaíonn costais forbartha na seirbhíse sin agus a mhaolaíonn an spleáchas ar réitigh oiriúnaithe bogearraí a bhíonn faoi smacht na cuideachta a sholáthair iad de ghnáth.

Éascaítear nascacht idir Teach Dhroichead Uí Chonaill agus ár suíomh athshlánaithe ó thubaiste trí naisc gan sreang (micreathonn) agus naisc snáthoptaice, rudaí a áiríonn luas agus iontaofacht na seirbhíse i dtimpeallacht ar líne nach raibh ann roimhe seo. Tá go leor comhaontuithe seirbhísí i bhfeidhm lenár soláthróirí seirbhíse, lena n-áirítear clúdach iar-ama i roinnt cásanna, d'fhonn aga fónaimh ár gcóras a uasmhéadú.

D'éascaigh Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) an próiseas athbhreithnithe piaraí chun a chinntiú go bhfuiltear ag cloí le dea-chleachtas agus go bhfuil maoirseacht an tionscadail laistigh de théarmaí tagartha an Choiste Stiúrtha TFC, ar a bhfuil ionadaithe do na Coimisinéirí Ioncaim, do Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, agus don Gníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (GBRA), chomh maith le hionadaithe do lucht ardbhainistíochta Aonaid Ghnó an BTCP.

Tá sé beartaithe go dtabharfar an chuid den CBT a bhaineann le Forfheidhmiú Clárúchán isteach ag tús 2011, agus go dtabharfar an chuid a bhaineann le hAchrainn/Binsí/Forfheidhmiú Achrann ag deireadh na bliana. Cuirfear córais nua shlándála i bhfeidhm agus muid ag uasghrádú ár gcóras athshlánaithe ó thubaiste d'fhonn agaí níos daingne agus níos giorra a chinntiú i gcás teipaistriú práinneach. Déanfar Córais Bhainistíochta Líonra dár gcuid a fheabhsú tuilleadh chun idirghabháil réamhghníomhach a éascú sula dtiteann na fíorfhadhbanna amach.

# Rialachas Corparáideach agus Riarachán

*Dhéileáil an BTCP le 78,222 glao in 2010.*

*Fuair baill foirne oiliúint leantach ionas go mbeidís*

*in ann eolas cruinn a chur ar fáil*



## Rialachas Corparáideach agus Riarachán in 2010

Feidhmíonn an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha de réir a reachtaíochta rialaithe féin, is í sin an tAcht um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004, arna leasú, agus cloíonn sé le réimse riachtanas reachtúil agus riaracháin ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an AE. Tá roinnt nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na riachtanas sin a áirithiú agus rinne an BTCP obair ar feadh 2010 chun a gcórais rialachais a fhorbairt agus a mhonatóiriú. Is iad seo a leanas na príomhriachtanais:

1. An Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit
2. An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995
3. An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005
4. Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1988 agus 2004
5. Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003
6. Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003

### Achtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001

Is comhlacht forordaithe poiblí é an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha chun críche na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001. Cuireadh gach ball an Bhoird agus baill foirne bainteacha eile ar an eolas faoina gcuid dualgas de réir reachtaíochta um eitic in oifigí poiblí agus tugadh eolas cuí dóibh maidir leo chomh maith.

### Bainistíocht Riosca

De réir fhorálacha an Chóid Chleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit, ní mór do gach

comhlacht na hearnála poiblí córas foirmiúil bainistíochta riosca a chur i bhfeidhm. Le linn 2010, rinne an Bord athbhreithniú cuimsitheach ar a phróifíl riosca agus forbraíodh clár uasdátaithe riosca mar gheall air a dhéanann sainithint ar phríomhrioscaí reatha agus na rialúcháin lenar ghlac an Bord d'fhonn dul i ngleic leo.

### Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 agus 2004

Tá an BTCP tiomanta do pholasaí comhdheiseanna agus glacann sé le cur chuige dearfach i leith comhionannais san eagraíocht. Tá an Bord tiomanta do chothromaíocht oibre is saoil a bhaint amach ar mhaithe leis an bhfoireann uile. Feidhmíonn sé scéim uaireanta oibre agus socruithe freastail inathraithe faoi láthair.

### Acmhainní Daonna

Tugann Rannóg na Seirbhísí Corparáideacha agus an Rannóg Airgeadais faoi fheidhmeanna lárnacha riaracháin agus tacaíochta an BTCP. Lena n-áirítear, tacaíocht don Bhord maidir le rialachas corparáideach, bainistíocht acmhainní daonna, oiliúint agus forbairt, bainistíocht airgeadais agus buiséadú.

Tá gach gné de sholáthar foirne sa BTCP, lena n-áirítear gráid na mball foirne; líon na ndaoine atá ar gach grád; luach saothair ar gach grád; agus na téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le fostaíocht; faoi réir thoiliú an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus an Aire Airgeadais. De réir Alt 167 den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004, tá sé de cheart ag an Aire seirbhísí a chur ar fáil don Bhord, lena n-áirítear seirbhísí ball foirne.

In oiriúint leis an Alt seo, earcaíodh baill foirne go díreach chuig an mBord in 2008, agus soláthraíodh oifigigh de chuid na Roinne agus Údarás Áitiúil don Bhord trí shannacháin fhoirmiúla pearsanra agus trí iasachtaí sealadacha pearsanra. I Márta 2009, d'fhógair an Roinn Airgeadais an moratóir ar earcaíocht agus ar ardú céime, agus ní raibh aon earcaíocht eile sa BTCP le linn 2010 dá bharr seo.

### Oiliúint agus Forbairt Foirne

Is é ceann de na haidhmeanna ar a ndéantar sainaitheint sa Phlean Corparáideach 2009-2011 ná a chinntiú go bhfuil na hacmhainní cuí daonna ag an eagraíocht chun críche a dtéarmaí tagartha, atá bunaithe ar éiteas luacha ar airgead. Baintear é seo amach trí chórais chuí oiliúna agus forbartha, bainistíochta feidhmíochta agus bainistíochta eolais a chur i bhfeidhm d'fhonn gairmiúlacht a chinntiú ar gach leibhéal agus áit oibre a chruthú ina gcothaítear obair agus oiliúint foirne laistigh d'éiteas atá dírithe ar sheirbhís do chustaiméirí.

### An Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta

Glacann gach ball foirne den BTCP páirt sa Chóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta. Comhlánaíonn an fhoireann uile a bhfoirmeacha maidir le próifíl ról agus a bpleananna pearsanta oiliúna, agus téann siad i ngleic lena mbainisteoir líne ag cruinnithe ina leith seo. Tugann an córas seo deis do bhaill foirne agus don lucht bainistíochta feidhmíocht an duine aonair agus na foirne a chomhordú le cuspóirí na heagraíochta, trí spriocanna agus aidhmeanna a shocrú le haghaidh daoine aonair agus na bhfoirne agus monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn a dhéanann siad. Chuir an córas seo go mór le táirgiúlacht fhoireann an BTCP a fhairsingiú.

### An Scéim um Tháillí a Aisíoc

Sheol an tAonad Oiliúna agus Forbartha an Scéim um Tháillí a Aisíoc 2010 i Meitheamh le haghaidh bhliain acadúil 2010-2011. Fuarthas 10 n-iarratas agus faomhadh iad uile (méadú de 50% i gcomparáid le 2009). Tugtar cúnamh do bhaill foirne staidéar a dhéanamh le haghaidh cúrsaí a bhfuil baint dhíreach acu lena gcuid dualgas sa BTCP, ar nós Cuntasóireachta (ACCA) agus Baitsiléir Eolaíochta i dTeicneolaíocht Faisnéise.

### Plean Oiliúna 2010

Tugtar faoi oiliúint a sholáthar sa BTCP de réir na riachtanas oiliúna ar a ndéanann baill foirne sainaitheint ina bpleananna pearsanta oiliúna.

### Oiliúint a Seachadadh/a Foinsíodh go dtí seo

Seachadadh agus maoiníodh 39 cúrsa, seimineár agus comhdháil ar leith ar mhaithe leis an bhfoireann in 2010. Bhí 14 cúrsa curtha ar fáil ag Public Affairs Ireland (PAI) go heachtrach, agus 3 chúrsa eile ag an bhForas Riaracháin.

Chomh maith leo siúd, eagraíodh 7 láithreoireacht/caint don fhoireann maidir le hábhair éagsúla le linn 2010, lena n-áirítear

- ▶ láithreoireachtaí a thug ár gcomhairleoirí dlí in 2010, Matheson, Ormsby agus Prentice maidir le *Forbhreathnú ar an Acht um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004; Pribhléid Dlí; Tréimhsí Comhlíonta agus Breithiúnais agus Athbhreithniú Breithiúnach ar Chinntí Riaracháin le déanaí, agus Achomhairc Reachtúla*
- ▶ láithreoireacht a thug an tOifigeach Cuidithe Fostaithe maidir le *Dínit san Áit Oibre*
- ▶ seimineár a bhí curtha i láthair ag an Ionad um Thaighde Tithíochta maidir le hImlircigh san Earnáil Tionóntachtaí Príobháideacha ar Cíos

- ▶ Seimineár maidir le Brú a Bhainistiú a bhí curtha i láthair ag Stress Management Institute of Ireland).

D'fhreastail Baill den Bhord ar 5 chúrsa/láithreoireacht, lenar áiríodh *Seimineár maidir le Rialachas Corparáideach* a bhí curtha i láthair go himheánach don Bhord ag an gColáiste Ollscoile, Cúrsa maidir le *Scileanna Meán* agus *Comhdháil maidir le Rialachas Maith*.

### Seirbhís do Chustaiméirí .....

Faigheann an fhoireann uile oiliúint leantach i leith seirbhís do chustaiméirí agus scileanna teileafóin a fheabhsú. Soláthraíodh seisiúin eolais maidir leis na hailt bhainteacha den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004 agus oiliúint maidir le nósanna imeachta inmheánacha don fhoireann le linn 2010, lenar áiríodh ceann a bhain le nósanna imeachta don teileafón d'fhonn cuidiú leo seirbhís éifeachtúil agus ghairmiúil a chur ar fáil do chustaiméirí de chuid an BTCP.

Faigheann an BTCP 373 rud sa phost agus 300 glao teileafóin ar an meán gach uile lá. D'fhreagair an BTCP ní ba mhó ná 78,000 glao gutháin le linn 2010.

Achrainn	22,785
Iontráil	16,947
Clárúchán	35,048
Binse	3,442
<b>Iomlán</b>	<b>78,222</b>

Freastalaíonn an BTCP ar chustaiméirí a bhfuil fonn orthu Gaeilge a úsáid i gcomhfhreagras i scríbhinn agus déanann sé a dhícheall chun freastal ar riachtanais custaiméirí nach bhfuil ach beagán Béarla acu, lena n-áirítear príomhcháipéisí tábhachtacha a aistriú agus ateangairí a chur ar fáil ag éisteachtaí.

### Inrochtaineacht

Cuireann an BTCP oifigí agus seomraí cruinnithe nua-aimseartha agus inrochtana ar fáil a chomhlíonann caighdeáin ghairme, sláinte agus sábháilteachta.

Tá na hoifigí oiriúnach do chathaoir rothaí agus féadtar ateangairí na teanga comharthaíochta agus teangacha eile a chur ar fáil nuair is gá. Le haghaidh custaiméirí taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath, thaistil breithneoirí agus baill na mBinsí go dtí éisteachtaí i roinnt áiteanna éagsúla chun freastal ar ghearánaigh agus fhreagróirí.

### Cosaint Sonraí agus Saoráil Faisnéise

Is rialaitheoir cláraithe sonraí é an BTCP chun críche na nAchtanna um Chosaint Sonraí. Feidhmíonn an Bord de réir polasáí foirmiúil cosanta sonraí a bhí comhantaithe le hOifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí. Cuireann an polasáí dualgas ar an mBord nósanna imeachta cosanta sonraí a chur i bhfeidhm, agus mar sin, cearta an duine aonair chun príobháideachais a chosaint agus na bealaí a fhéadtar eolas pearsanta a chur ar fáil de réir na nAchtanna um Chosaint Sonraí a rialú.

Fuair an BTCP roinnt iarratas faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí in 2010 agus déileáladh le gach iarratas agus cuireadh cóipeanna den eolas ar fáil do na hiarratasóirí nuair a bhí sé riachtanach. Ní raibh an BTCP faoi réir na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise le linn 2010.

### Soláthairtí agus Tairiscintí a Iarradh agus a Bronnadh

Baineann an BTCP úsáid as córas tairiscintí iomaíocha sa phróiseas soláthair de ghnáth. Tugann gach tairiscint aird mar is cuí ar thairseacha luacha chun na rialacha soláthair a chur i bhfeidhm.

Dearbhaíonn an BTCP go gcomhlíontar gach nós imeachta soláthair i leith an chórais tairiscintí iomaíocha. Áiríonn sé seo comhlíonadh treoirlínte náisiúnta agus threoracha an AE, a bhfuil feidhm dlí acu sa Stát seo.

Is féidir le haon duine a bhfuil fonn air a bheith mar shainchomhairleoir nó chomhairleoir don Bhord fógra a thabhairt don Bhord i scríbhinn agus ní mór d'aon fhógra chun na críche sin sonraí maidir le cáilíochtaí agus taithí an duine sin a áireamh. Cloíonn an BTCP le riachtanais soláthair phoiblí nuair a iarrann sé ar thairiscint nó mheastacháin. Le linn 2010, d'fhaomh an Bord nó an stiúrthóir roinnt eochairsheirbhísí atá leagtha amach thíos:

- ▶ Infreastruchtúr Seirbhíse agus Stórais an BTCP (Ardán Fíorúlaithe) - Unity (Calyx roimhe sin) - Márta 2010
- ▶ Infreastruchtúr Líonra - Diacom - Bealtaine 2010
- ▶ Nasc le Líonra an Rialtais - Eircom - Meitheamh 2010
- ▶ Athshlánú ó Thubaiste - an Bord Seirbhísí Ríomhaire Rialtais Áitiúil - Meitheamh 2010
- ▶ Naisc Líonra Achair Fhairsing (WAN) - Complete Telecom - Meitheamh 2010

### Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003

Tá an BTCP faoi réir Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, a leagann amach creat reachtúil i leith seirbhísí a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge; rinneadh dul chun cinn i dtreo scéim an Bhoird a chur i bhfeidhm faoin Acht i rith na bliana.

Ar aon dul le hAlt 10 den Acht, tá an Tuarascáil seo ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla.

### Comhlíonadh Cánach

Tá an BTCP in oiriúint iomlán lena chuid dualgas de réir na ndlíthe a bhaineann le cáin, agus íoctar gach dliteanas cánach ar an dáta dlite bainteach nó roimhe sin.

### An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997

Comhlíonann an BTCP riachtanais an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997. Le linn na bliana dar críoch 31 Nollaig 2010, thabhaigh an BTCP ús de 2,355 de bharr íocaíochtaí déanacha. Sheas íocaíochtaí déanacha do 0.05% den tsuim airgid iomlán a gearradh sna sonraisc a fuair an BTCP.



# Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais

*don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010*

<b>CLÁR NA nÁBHAR</b>	<b>LCH</b>
TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE	57
RÁITEAS MAIDIR LE FREAGRACHTAÍ AN BHOIRD	59
RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS	60
RÁITEAS MAIDIR LE POLASAITHE CUNTASAÍOCHTA	62
AN CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS	64
RÁITEAS MAIDIR LE GNÓTHACHAIN AGUS CAILLTEANAIS AITHEANTA IOMLÁNA	65
AN CLÁR COMHARDAITHE	66
RÁITEAS MAIDIR LE SREABHADH AIRGID	67
NÓTAÍ MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS	68

# Report of the Comptroller and Auditor General for presentation to the Houses of the Oireachtas

## An Bord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha

Rinne mé ráitis airgeadais an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010 a iniúchadh de réir an Achta um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004.

Cuimsíonn na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh de réir na bpolasaithe cuntasáíochta atá leagtha amach iontu, an Ráiteas maidir le Polasaithe Cuntasáíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Ráiteas maidir le Gnóthachain agus Cailteanais Aitheanta Iomlána, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid, agus na nótaí bainteacha. Is iad an dlí bainteach agus na cleachtais chuntasáíochta a bhfuil glacadh leo in Éirinn an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm agus iad á n-ullmhú.

## Freagrachtaí an Bhoird

Tá an Bord freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugann siad léargas firinneach cóir ar ghnóthaí an Bhoird agus ar a ioncam agus a chaiteachas, agus as rialtacht na n-idirbheart a áirithiú.

## Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tá sé de dhualgas orm iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisc a thabhairt maidir leo de réir an dlí bhainteach.

Tugtar faoi m'iniúchadh trí thagairt do na gnéithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí an Stáit ó thaobh iad a bhainistiú agus a fheidhmiú.

Déantar m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (an Ríocht Aontaithe agus Éire) agus in oiriúint leis na Caighdeán Eiticiúla d'Iniúcháirí de chuid an Bhoird um Chleachtais Iniúcháireachta.

## Raon an Iniúchta ar na Ráitis airgeadais

Baineann iniúchadh le fianaise a bhailiú maidir leis na suimeanna agus na rudaí a nochtadh sna ráitis airgeadais, i riocht is go dtugtar ráthaíocht réasúnta nach bhfuil aon mhíshonrú ábhartha iontu, cé acu an de thoradh ar chalois nó ar bhotún é. Cuimsíonn sé seo measúnú ar

- ▶ cé acu an raibh na polasaithe cuntasáíochta oiriúnach do chás an Bhoird, ar cuireadh i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach iad, agus ar nochtadh go himleor iad
- ▶ réasúntacht na meastachán suntasach cuntasáíochta a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus;
- ▶ leagan amach na ráiteas airgeadais ar an iomlán. Tá sé mar aidhm aige fianaise a bhailiú i leith rialtacht na n-idirbheart airgeadais i rith an iniúchta chomh maith.

Chomh maith leo sin, léim an t-eolas airgeadais agus neamhairgeadais uile sa Tuarascáil Bhliantúil chun neamhréireanna ábhartha leis na ráitis iniúchta airgeadais a shainaithint. Sa chás go dtugaim aon mhíshonrú nó neamhréir ábhartha faoi deara, déanaim na himpleachtaí a mheas le haghaidh mo thuairisce.



## Cistiú Iarchurtha Pinsean

Gan mo thuairim a cháiliú, tarraingím aird ar Nóta 11 (c) a leagann amach an bealach a n-aithníonn an Bord an tsócmhainn a bhaineann leis an gcistiú iarchurtha pinsean.

## Tuairim maidir leis na Ráitis Airgeadais

I mo thuairimse, tugann na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh i gceart agus de réir na gcleachtas cuntasáíochta a bhfuil glacadh leo in Éirinn, léargas fírinneach cóir ar staid ghnóthaí an Bhoird amhail ar 31 Nollaig 2010 agus ar a ioncam agus a chaiteachas don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010.

I mo thuairimse, bhí leabhair iomchuí chuntais coimeáda ag an mBord. Tá na ráitis airgeadais ar aon dul leis na leabhair chuntais.

## Ábhair a dtugaim tuairisc orthu de réir eisceachta

Tugaim tuairisc de réir eisceachta sa chás

- ▶ nach bhfuair mé gach eolas agus míniúchán a theastaigh uaim i dtaca le m'iniúchadh, nó
- ▶ gur thug m'iniúchadh aon chás ábhartha faoi deara nuair nár cuireadh airgead i bhfeidhm le haghaidh na críche beartaithe nó nuair nár chloígh na hidirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad, nó

- ▶ nach bhfuil an t-eolas atá ann i dTuarascáil Bhliantúil an Bhoird don bhliain lena mbaineann na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na ráitis airgeadais sin, nó
- ▶ nach léiríonn an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais comhlíonadh an Bhoird leis an gCód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó
- ▶ go dtugaim faoi deara go bhfuil ceisteanna ábhartha ann a bhaineann leis an mbealach a ndearnadh gnó phoiblí.

Níl aon tuairisc le tabhairt agam maidir leis na hábhair a dtugtar tuairisc orthu de réir eisceachta.

**Andrew Harkness**

**Thar ceann**

**an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste**

*28 Samhain 2011*

## Ráiteas maidir le Freagrachtaí

Éilíonn Alt 178 den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004 ar an stiúrthóir na Ráitis Airgeadais a ullmhú i bhfoirm a d'fhéadfadh an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil a shonrú de réir cleachtas cuntasáochta a bhfuil glacadh leo. Ní mór don Bhord na Ráitis Airgeadais a fhaomhadh.

Nuair atá an Stiúrthóir agus an Bord ag ullmhú na Ráiteas Airgeadais seo, éilítear orthu:

- ▶ Polasaithe cuntasáochta iomchuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- ▶ Breitheanna agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama;
- ▶ A shonrú cé acu ar cloíodh leis na caighdeáin bhainteacha chuntasáochta, faoi réir aon imeacht ábhartha a bhí nochta agus a bhfuil cur síos déanta air sna Ráitis Airgeadais;
- ▶ Ráitis Airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin sa chás go mbeadh sé neamhfhóirsteanach talamh slán a dhéanamh go leanfaí d'fheidhmiú an Bhoird.

Tá sé de dhualgas ar an Stiúrthóir, faoi stiúradh an Bhoird, leabhair chuí chuntais a choimeád, a nochtann staid an Bhoird ó thaobh airgeadais de ag aon am le cruinneas réasúnach, agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na Ráitis Airgeadais Alt 178 den Acht. Tá an Bord freagrach as a chinntiú go dtugtar faoi gach gnó an Bhoird ar bhealach cuí agus rialta agus as gach sócmhainn faoina rialú oibríochtúil a chosaint agus, mar sin, gach beart réasúnach a dhéanamh d'fhonn calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

**Anne Marie Caulfield**  
*Stiúrthóir*

**Orla Coyne**  
*Cathaoirleach*

## Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais

### Freagracht as an gcóras um Rialú Inmheánach Airgeadais

Thar ceann Bhaill an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha, admháim ár bhfreagracht as a chinntiú go gcoinnítear agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Ní féidir leis an gcóras seo ach ráthaíocht réasúnach a thabhairt, ní ráthaíocht absalóideach, go gcosnaítear na sócmhainní, go mbíonn idirbhearta údaraithe agus taifeadta i gceart, agus go ndéantar botúin ábharacha nó neamhrialtachtaí eile a chosc nó a bhrath in am is i dtráth. Agus iad ag meas éifeachtacht an rialaithe inmheánaigh airgeadais, tugann an Bord agus Coiste aird ar na riachtanais atá leagtha amach sa Chód Cleachtas maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit, chomh maith le rudaí eile.

### Príomhnósanna imeachta rialaithe

Rinne an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha bearta chun timpeallacht iomchuí rialaithe a bhaint amach:

- ▶ trí nósanna imeachta foirmiúla a bhunú i leith teipeanna suntasacha rialaithe a thuirisciú agus beart cuí ceartaitheach a áirithiú;
- ▶ trí fhochoistí iomchuí an Bhoird a chur ar bun d'fhonn díriú níos doichte ar réimsí áirithe.

Chomhaontaigh an Bord go bhfuil an Stiúrthóir agus foireann an Bhoird (faoi réir tharmligean an stiúrthóra) freagrach as ábhair oibríochtúla.

Tá an córas um rialú inmheánach airgeadais de chuid an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha bunaithe ar chreat maidir le heolas bainistíochta míosúil, nósanna imeachta riaracháin (lena n-áirítear dualgais agus teorainneacha údaraithe a dheighilt), agus ar chóras tarmligin agus freagrachta. Lena n-áirítear go háirithe:

- ▶ córas cuimsitheach buiséadaithe a chuimsíonn buiséad bliantúil, a ndéantar athbhreithniú air agus a bhíonn comhaontaithe leis an gCoiste Gnó agus leis an mBord;
  - ▶ athbhreithniú rialta ag an gCoiste Gnó agus ag an mBord ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le spriocanna;
  - ▶ treoracha maidir leis an soláthar, le hiarraidh ar thairiscint agus leis an infheistíocht chaipitiúil atá sonraithe go soiléir.
- Bíonn eolas tugtha don Bhord ar mhaithe lena mhonatóiriú agus lena athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais ag an

gCoiste Iniúcháireachta, an fhoireann bhainistíochta feidhmiúcháin, atá freagrach as an gcreat um rialú airgeadais a choinneáil, agus ag tráchtanna a dhéanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litir bhainistíochta nó i dtuarascálacha eile.

Leanadh d'obair an Bhoird i dtreo fairsinge agus dealraitheacht riosca ghnó a mheas le linn 2010, agus leanfar den obair seo in 2011.

### Athbhreithniú Bliantúil ar an gCóras Rialaithe

Dearbhaím go ndearna an Bord athbhreithniú ar éifeachtacht na mbeart inmheánach rialaithe le linn na bliana dar críoch 31 Nollaig 2010.

**Orla Coyne**  
*Cathaoirleach*

## Ráiteas maidir le Polasaithe Cuntasaíochta

Is iad seo a leanas na polasaithe suntasacha cuntasaíochta a nglactar leo sna ráitis airgeadais seo:

### 1. Ginearálta

Is iad seo a leanas feidhmeanna ginearálta an Bhoird:

- ▶ córas náisiúnta clárúcháin a fheidhmiú le haghaidh tionóntachtaí príobháideacha cónaithe atá taobh istigh de théarmaí tagartha an Achta um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004;
- ▶ seirbhís réitigh achrainn a fheidhmiú, agus;
- ▶ eolas a chur ar fáil, taighde a dhéanamh, agus comhairle maidir le polasaithe a thabhairt don Aire maidir leis an earnáil tionóntachtaí príobháideacha ar cíos.
- ▶ tacaíocht riaracháin agus rúnaíochta a sholáthar do na Binsí (tá na costais bhainteacha san áireamh sna costais riaracháin).

### 2. An Bunús Cuntasaíochta

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo faoi bhonn fabhráithe cuntasaíochta de réir cleachtas cuntasaíochta a bhfuil glacadh leo agus faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil. Tá na ráitis leagtha amach i bhfoirm atá faofa ag an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Tá na cuntais luaite in euro.

### 3. Ioncam

#### Stáitchistiú

Seasann stáitchistiú don airgead a fuarthas ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil le linn na bliana.

#### Táillí Clárúcháin agus Achrainn

Aithnítear táillí a bhaineann le clárúcháin agus le hachrainn ag an bpointe a fhaightear an t-iarratas.

#### Ioncam Eile

Seasann ioncam eile d'ús atá á fhabhrú ar nótaí stáitchiste atá i seilbh Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta faoi láthair agus ar thaiscí atá i seilbh institiúidí eile airgeadais, agus costais dhlíthiúla a gnóthaíodh le linn na bliana.

### 4. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Sonraítear sócmhainní seasta inláimhsithe ar a gcostas lúide dímheas carnach.

Sonraítear an dímheas ar bhonn líne dhíreach ar rátaí atá measta chun costas na sócmhainní a dhíscríobh thar a saolré fhóna ionchais mar seo a leanas:-

Feabhas ar Léasacht	5%
Líne Dhíreach	
Troscán agus Feistí	10%
Líne Dhíreach	
Trealamh Oifige	20%
Líne Dhíreach	
Trealamh Ríomhaireachta	20%
Líne Dhíreach	

## 5. Airgeadraí Eachtracha

Déantar idirbhearta in airgeadraí eachtracha a shóinseáil go dtí euro ar an ráta malairte a bhí i bhfeidhm ar lá an idirbhirt. Gearrtar aon difríocht a éiríonn as an sóinseáil idir dátaí na n-idirbheart agus dátaí na n-íocaíochtaí ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais.

## 6. Cuntas Caipitil

Seasann an Cuntas Caipitil don tsuim ioncaim gan amúchadh a úsáidtear chun sócmhainní seasta a mhaoiniú.

## 7. Pinsin Ball Foirne

Ar aon dul le hAlt 163 den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004, ullmhaíodh dréachtscéim um shochar aoisliúntais a bhronnadh ar bhaill foirne an Bhoird agus cuireadh faoi bhráid an Aire é le faomhadh. Tá an faomhadh seo ar feitheamh.

Feidhmíonn an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha scéim phinsin le sochar sainithe a bhíonn maoinithe go bliantúil ar bhonn íoc-mar-a-úsáidtear ón airgead a bhíonn ar fáil di, lena n-áirítear airgead a chuireann an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil ar fáil agus ó ranníocaíochtaí a bhaintear as tuarastail na mball foirne.

Léiríonn na costais phinsin sochair phinsin a thuill baill foirne le linn na tréimhse agus léirítear iad gan ranníocaíochtaí pinsin na mball foirne a áireamh, lena ndéileáiltear mar iníochta leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Aithnítear aon suim a bhaineann leis an muirear pinsin mar ioncam sa mhéid go bhfuil sé inghnóthaithe, agus fritháirithe in aghaidh deontas a fhaightear le linn na bliana i leith íocaíochtaí pinsin a íoc.

Tá gnóthachain agus caillteanais achtúireacha a d'éirigh as dlíteanais na scéime léirithe sa Ráiteas maidir le Gnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána agus tá coigeartú comhfhreagrach aitheanta sa tsuim atá inghnóthaithe ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

Seasann dlíteanais phinsin do luach reatha na n-íocaíochtaí pinsin a thuill baill foirne go dtí seo. Seasann cistiú iarchurtha pinsean don sócmhainn chomhfhreagrach a bheidh le gnóthú ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil sa todhchaí.

## An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010

	Notes	Bliain dar Críoch 31 Nollaig 2010 €	Bliain dar Críoch 31 Nollaig 2009 €
<b>Ioncam</b>			
Státchistiú	1	6,477	974,415
Cistiú Iarchurtha Pinsean	11c	205,000	175,000
Táillí Clárúcháin	2	8,363,247	8,391,708
Lúide Aisghabháil Dhlite d'Údaráis Áitiúla	7	(2,591,008)	(3,764,325)
Táillí Achrainn		65,755	46,847
Ioncam Eile	3	252,262	334,016
Aistriú (chuig)/ó Chuntas Caipitil	8	(717,302)	54,773
		<b>5,584,431</b>	<b>6,212,434</b>
<b>Caiteachas</b>			
Costais Foirne	4a	(3,363,944)	(3,158,359)
Costais Riaracháin	4b	(4,212,027)	(4,034,183)
Dímheas	5	(213,042)	(198,903)
Brabús ó dhiúscairt sócmhainní seasta		246	-
		<b>(7,788,767)</b>	<b>(7,391,445)</b>
(Easnamh) / Barrachas don bhliain	9	<b>(2,204,336)</b>	<b>(1,179,011)</b>

Tá an Ráiteas maidir le Polasaithe Cuntasaíochta agus Nóta 1 go dtí Nóta 17 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

Baineann gach ioncam agus caiteachas don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010 le gníomhaíochtaí leantacha.

**Anne Marie Caulfield**  
Stiúrthóir

**Orla Coyne**  
Cathaoirleach

## Ráiteas maidir le Gnóthachain agus Cailteanais Aitheanta Iomlána

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010

Nótaí	Bliain dar Críoch 31 Nollaig 2010 €	Bliain dar Críoch 31 Nollaig 2009 €
(Easnamh) / Barrachas don bhliain	(2,204,336)	(1,179,011)
Gnóthachain/(cailteanais) ó thaithí ar dhliteanais na scéime pinsin	65,000	18,000
Athruithe ar na toimhdí atá mar bhonn agus thaca ag luach reatha dhliteanais na scéime pinsin	–	(43,000)
Gnóthachain/(cailteanais) achtúireacha aitheanta	65,000	(25,000)
Coigeartú ar chistiú iarchurtha pinsean	(65,000)	25,000
<b>(Easnamh) / gnóthachan iomlán aitheanta don bhliain</b>	<b>(2,204,336)</b>	<b>(1,179,011)</b>

**Anne Marie Caulfield**  
Stiúrthóir

**Orla Coyne**  
Cathaoirleach



## An Clár comhardaithe

amhail ar 31 Nollaig 2010

	Nótaí	31 Nollaig 2010 €	31 Nollaig 2009 €
<b>SÓCMHAINNÍ SEASTA</b>			
Sócmhainní inláimhsithe	5	2,740,688	2,023,386
<b>SÓCMHAINNÍ REATHA</b>			
Féichiúnaithe	6	42,138	62,452
Airgead sa Bhanc		8,955,760	14,354,435
		<b>8,997,898</b>	<b>14,416,887</b>
<b>CREIDIÚNAITHE</b>			
Suimeanna a bheidh dlite laistigh d'aon bhliain amháin	7	(7,182,147)	(10,396,800)
Glansócmhainní Reatha		1,815,751	4,020,087
<b>IOMLÁN NA SÓCMHAINNÍ LÚIDE DLITEANAIS REATHA ROIMH PHINSIN</b>		<b>4,556,439</b>	<b>6,043,473</b>
Cistiú larchurtha Pinsean	11	(790,000)	(650,000)
Dlíteanais na Scéime Pinsin	11	790,000	650,000
<b>IOMLÁN NA SÓCMHAINNÍ LÚIDE DLITEANAIS REATHA</b>		<b>4,556,439</b>	<b>6,043,473</b>
<b>MAOINITHE AG</b>			
(Easnamh) / Barrachas carnach	9	1,815,751	4,020,087
Cuntas Caipitil	8	2,740,688	2,023,386
		<b>4,556,439</b>	<b>6,043,473</b>

Tá an Ráiteas maidir le Polasaithe Cuntasaíochta agus Nóta 1 go dtí Nóta 17 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

**Anne Marie Caulfield**  
Stiúrthóir

**Orla Coyne**  
Cathaoirleach

## Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010

	Nótaí	Bliain dar Críoch 31 Nollaig 2010 €	Bliain dar Críoch 31 Nollaig 2009 €
<b>Réiteach barrachais oibriúcháin agus glanmhéid</b>			
<b>Insreabhadh airgid de thoradh ar ghníomhaíochtaí oibriúcháin</b>			
(Easnamh) oibriúcháin don bhliain	9	(2,204,336)	(1,179,011)
Dímheas	5	213,042	198,903
Ús tuillte	3	(236,720)	(300,554)
Brabús ó dhiúscairt sócmhainní seasta		(246)	-
Aistriú (ón)/chuig an gCuntas Caipitil	8	717,302	(54,773)
(Laghdú)/Méadú ar fhéichiúnaithe	6	20,314	(15,504)
(Laghdú)/Méadú ar chreidiúnaithe	7	(3,214,653)	368,501
Glan-eis-sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		<b>(4,705,297)</b>	<b>(982,438)</b>
<b>Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid</b>			
Glan-(eis)/in-sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		(4,705,297)	(982,438)
<b>Torthaí ar Infheistíochtaí agus ar Sheirbhísiú Airgeadais</b>			
Ús faighte	3	236,720	300,554
<b>Glanchaiteachas Caipitiúil</b>			
Iocaíochtaí chun sócmhainní seasta inláimhsithe a fháil	8	(939,175)	(144,130)
Fáltais ó dhiúscairt sócmhainní seasta	8	9,077	0
<b>(Laghdú)/Méadú ar airgead tirim</b>		<b>(5,398,675)</b>	<b>(826,014)</b>
<b>RÉITEACH GLANSREABHADH AIRGID IN AGHAIDH GLUAISEACHT GLANCHISTÍ</b>			
Glanchistí amhail ar 1 Eanáir		14,354,435	15,180,449
Glanchistí amhail ar 31 Nollaig		8,955,760	14,354,435
<b>(Laghdú)/Méadú ar airgead tirim</b>		<b>(5,398,675)</b>	<b>(826,014)</b>

Tá an Ráiteas maidir le Polasaithe Cuntasaíochta agus Nóta 1 go dtí Nóta 17 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

## Nótaí

### Nótaí (atá ina gcuid de na ráitis airgeadais)

#### 1. STÁTCHISTIÚ

Thosaigh an BTCP ag feidhmiú ar bhonn féinmhaoinithe ar 1 Eanáir 2010. Soláthraíodh stáitchistiú de 6,477 trí Oifig an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil in 2010 i leith oiliúna a bhain le míchumas agus suim iarmharach a aistríodh ó chuntas bainc an Bhinse Chíosa nuair a d'aistrigh freagrachtaí riaracháin chuig an BTCP.

Soláthraíodh stáitchistiú de 974,415 trí Oifig an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil le linn na bliana dar críoch 31 Nollaig 2009.

#### 2. IONCAM Ó THÁILLÍ CLÁRÚCHÁIN

Fuarthas 8,363,247 (2009 - 8,391,708) i dtáillí ó thiarnaí talún mar íocaíocht as tionóntachtaí dá gcuid a chlárú.

De réir threoir an Aire, a thug sé faoi Alt 176(5) den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004, déileáiltear le hioncam a fhaigheann an BTCP de thoradh ar an táille chlárúcháin ar an mbealach seo a leanas:

Chuig Údaráis Áitiúla:

- ▶ 3/7 le linn na tréimhse suas go dtí 6 Iúil 2010 - €1,769,780;
- ▶ 20% le linn na tréimhse ó 7 Iúil 2010 - €821,228;

Coinnithe ag an BTCP chun a chostais riaracháin a chlúdach:

- ▶ 4/7 le linn na tréimhse suas go dtí 6 Iúil 2010 - €2,539,707;
- ▶ 80% le linn na tréimhse ó 7 Iúil 2010 - €3,232,532.

#### 3. IONCAM EILE

	31 Nollaig 2010	31 Nollaig 2009
	€	€
Ioncam ó Ús	236,720	300,554
Costais dhlíthiúla Gnóthaithe	15,542	33,462
	<b>252,262</b>	<b>334,016</b>

## 4a. COSTAIS FOIRNE

	Bliain dar Críoch 31 Nollaig 2010	Bliain dar Críoch 31 Nollaig 2009
	€	€
Baill Foirne de chuid an BTCP agus ar iasacht	1,769,746	1,751,461
Foirne Gníomhaireachta	1,118,861	1,147,122
Costais Phinsin	351,923	144,134
Oiliúint do Bhaill Foirne agus do Shealbhóirí Oifige	44,488	35,294
Costais Leasa Shóisialta	78,926	80,348
	<b>3,363,944</b>	<b>3,158,359</b>

**Líon na mBall Foirne:**

Bhí 25 duine fostaithe ag an mBord sa bhliain (2009: 25). Bhí 13 bhall foirne eile tugtha don Bhord ar iasacht ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (2009: 13), 2 ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (2009: 2), 1 ag an bPríomh-Oifig Staidrimh (2009: 1) agus 1 ag an mBord Seirbhísí Ríomhaire Rialtais Áitiúil (2009: 1).

**An Tobhach Pinsin:**

Baineadh €38,974 as de thoradh ar an tobhach pinsin agus íocadh leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil é (2009: €27,908).

## 4b. CAITEACHAS RIARACHÁIN

	Bliain dar Críoch 31 Nollaig 2010	Bliain dar Críoch 31 Nollaig 2009
	€	€
Táillí Bhaill an Bhoird	97,481	147,147
Táillí Bhaill na mBinsí	763,587	363,053
Táillí Breithneoirí agus Idirghabhálaithe	371,906	449,057
An Binse Cíosa (Nóta *)	14,409	-
Taisteal agus Cothú	38,165	36,359
Táillí Dlíthiúla agus Gairmiúla	1,047,618	1,335,983
Táillí Iniúchta	11,609	10,340
Cuntasóireacht	81,492	85,254
Costais luathscríbhneoireachta	250,784	140,751
Costais cruinnithe	10,849	9,190
Soláthairtí Oifige	94,528	78,876
Costais Phoist agus Dáileacháin	260,668	217,839
Costais Priontála agus Aistriúcháin	229,639	254,931
Costais Ghutháin	19,587	21,511
Eolas agus Oideachas don Phobal i gCoitinne	104,356	3,829
Costais Ríomhaireachta agus Chothabhála	175,906	85,136
Costais Bhunaíochta	509,323	602,354
Seirbhísí glantacháin	23,030	23,158
Staidéir Taighde	76,363	140,817
Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála	2,355	1,272
Ilghnéitheach	28,372	27,326
	<b>4,212,027</b>	<b>4,034,183</b>

Tabhair faoi deara \*: go bhfuil táillí Bhaill na mBinsí Cíosa agus a speansais i leith taistil agus cothaithe curtha san áireamh.

## 5. SÓCMHAINNÍ SEASTA INLÁIMHSITHE

	Trealamh Ríomhaireachta €	Feabhas ar Léasacht €	Troscán agus Feistí €	Trealamh Oifige €	Iomlán €
<b>COSTAS</b>					
Iarmhéid Tosaigh	529,445	1,746,933	195,203	83,833	2,555,414
Breiseanna	933,453	-	5,722	-	939,175
Diúscairtí	(12,616)	-	-	-	(12,616)
<b>Amhail ar 31 Nollaig 2010</b>	<b>1,450,282</b>	<b>1,746,933</b>	<b>200,925</b>	<b>83,833</b>	<b>3,481,973</b>
<b>DÍMHEAS</b>					
Iarmhéid Tosaigh	255,497	168,439	37,534	70,558	532,028
Táille don bhliain	100,656	87,348	19,827	5,211	213,042
Dímheas ar dhiúscairtí	(3,785)	-	-	-	(3,785)
<b>Amhail ar 31 Nollaig 2010</b>	<b>352,368</b>	<b>255,787</b>	<b>57,361</b>	<b>75,769</b>	<b>741,285</b>
<b>GLANLUACH LEABHAR</b>					
<b>Amhail ar 31 Nollaig 2010</b>	<b>1,097,914</b>	<b>1,491,146</b>	<b>143,564</b>	<b>8,064</b>	<b>2,740,688</b>
Amhail ar 31 Nollaig 2009	273,948	1,578,494	157,669	13,275	2,023,386

## 6. FÉICHIÚNAITHE

Suímeanna a bheidh dlíte laistigh d'aon bhliain amháin	31 Nollaig 2010 €	31 Nollaig 2009 €
Costais réamhíoctha	32,140	8,293
Ús infhála	3,486	39,647
Glanrialú pá	1,124	1,829
Asbhaintí Saorálacha	76	5,621
Ilfhéichiúnaithe	5,312	7,062
	<b>42,138</b>	<b>62,452</b>

## 7. CREIDIÚNAITHE

Suimeanna a bheidh dlite laistigh d'aon bhliain amháin	31 December 2010	31 December 2009
	€	€
Creidiúnaithe agus Fabhruithe	1,622,997	1,022,192
Suimeanna Dlíte d'Údaráis Áitiúla	5,559,150	9,374,608
	<b>7,182,147</b>	<b>10,396,800</b>

### Anailís ar shuimeanna dlite d'údaráis áitiúla:

Leagtar amach sa tábla thíos na táillí a fuarthas sa bhliain airgeadais bhainteach agus na suimeanna a focadh leis na húdaráis áitiúla ar leith as a gcuid feidhmeanna a fheidhmiú de réir na Rialachán Caighdeán agus Leabhair Chíosá

	31 Nollaig 2010	31 Nollaig 2009
	€	€
Iarmhéid Tosaigh	9,374,608	9,210,284
Táillí leithdháilte le húdaráis áitiúil le linn na bliana	2,591,008	3,764,325
Táillí íoctha amach le linn na bliana	(6,406,466)	(3,600,001)
<b>Suimeanna dlite d'Údaráis Áitiúla</b>	<b>5,559,150</b>	<b>9,374,608</b>

Beidh na suimeanna a bheidh le híoc leis na húdaráis áitiúla bhainteacha ar aon dul leis na critéir a shonraíonn an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, agus faoina stiúradh.

## 8. CUNTAS CAIPITIL

	31 Nollaig 2010	31 Nollaig 2009
	€	€
larmhéid Tosaigh	2,023,386	2,078,159
<b>Aistriú (chuig an)/ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais</b>		
Cistiú chun Sócmhainní a fháil	939,175	144,130
Amúchadh ar aon dul le dímheas sócmhainní	(213,042)	(198,903)
Scaoileadh diúscartha sócmhainní seasta	(8,831)	-
	717,302	(54,773)
<b>larmhéid deiridh amhail ar 31 Nollaig</b>	<b>2,740,688</b>	<b>2,023,386</b>

## 9. BARRACHAS / (EASNAMH) CARNACH

	31 Nollaig 2010	31 Nollaig 2009
	€	€
larmhéid Tosaigh	4,020,087	5,199,098
(Easnamh) / Barrachas don bhliain	( 2,204,336)	(1,179,011)
<b>larmhéid deiridh amhail ar 31 Nollaig</b>	<b>1,815,751</b>	<b>4,020,087</b>

## 10. CÓIRÍOCHT

In Deireadh Fómhair 2007, chuir an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha a lámh le comhaontú 20 bliana léasachta i leith an dara agus an tríú hurlár de Theach Dhroichead Uí Chonaill, Sráid D'Olier, Baile Átha Cliath 2. Tá clásal scoir ann sa léas seo a thabharfaidh deis don BTCP deireadh a chur leis ag deireadh bhliain 5. Ba é ceangaltas bliantúil an léasa seo ag deireadh na bliana ná 433,476.

## 11. AOISLIÚNTAS

## a) a) Anailís ar chostais iomlána phinsean a muirearaíodh ar Chaiteachas

	31 Nollaig 2010	31 Nollaig 2009
	€	€
Costas reatha na seirbhíse	170,000	150,000
Ús ar dhliteanais na scéime pinsean	35,000	25,000
Ranníocaíochtaí Ball Foirne	(31,476)	(30,866)
	<b>173,524</b>	<b>144,134</b>
Aoisliúntas (Baill Foirne na Roinne)	178,399	-
	<b>351,923</b>	<b>144,134</b>



**b) Athrú ar ghlandhliteanas pinsean le linn na bliana airgeadais**

	31 Nollaig 2010	31 Nollaig 2009
	€	€
Glandhliteanas pinsean amhail ar 1 Eanáir	(650,000)	(450,000)
Costas reatha na seirbhíse	(170,000)	(150,000)
Costais na seirbhíse roimhe	-	-
Costais úis	(35,000)	(25,000)
Gnóthachain/(caillteanais) achtúireacha	65,000	(25,000)
Easnamh ag deireadh na bliana	(790,000)	(650,000)

**c) Cistiú larchurtha do Phinsin**

Roimhe seo, fuair an BTCP ioncam ó tháillí agus ó chistiú suntasach ón Stát. Aithníonn an Bord an Cistiú larchurtha do Phinsin mar shócmhainn ar bhonn tacair toimhdí agus tarluithe roimhe, lenar áiríodh an bonn reachtúil i leith an scéim aoisliúntais a chur ar bun agus an próiseas bliantúil cistithe faoina dtugann an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Mar gheall ar nach bhfuil an BTCP spleách ar státchistiú a thuilleadh, chuir sé tús le próiseas plé leis an Roinn i leith pinsin a chistiú as seo amach. Go dtí go gcuirfear an próiseas seo chun críche, tá sé beartaithe ag an mBord go ndéileálfar leis an gCistiú larchurtha do Phinsin mar a bhíodhas ag déileáil leis go dtí seo.

Is é seo a leanas an Glanchistiú larchurtha do Phinsin a bhí aitheanta sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais:

	2010	2009
	€	€
Cistiú atá inghnóthaithe i leith pinsean sa bhliain reatha	205,000	175,000
Deontas ón Stát a cuireadh i bhfeidhm chun pinsin a íoc	-	-
	<b>205,000</b>	<b>175,000</b>

Ba é an tsócmhainn cistithe iarchurtha do phinsin €790,000 (2009: €650,000) amhail ar 31 Nollaig 2010.

**d) Stair maidir le hoibleagáidí i leith pinsean le sochar sainithe**

	2010	2009
	€	€
Oibleagáidí i leith pinsean le sochar sainithe	790,000	650,000
Gnóthachain ó thaithí ar Shuim dhliteanas na scéime	65,000	18,000
Céatadán dhliteanas na scéime	8%	3%

Ba é an cailteanas carnach achtúireacha a bhí aitheanta sa Ráiteas maidir le Gnóthachain agus Cailteanais Aitheanta lomlána €306,000 (2009: €371,000).

**e) Cur síos ginearálta ar an Scéim**

Bhí 42 ball foirne fostaithe ag an BTCP amhail ar 31 Nollaig 2010 (2009: 42), ina measc bhí 13 státseirbhíseach ar iasacht ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, beirt ar iasacht ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, duine amháin ar iasacht ón bPríomh-Oifig Staidrimh, duine amháin ar iasacht ón mBord Seirbhísí Ríomhaire Rialtais Áitiúil agus bhí 25 acu ina mbaill foirne de chuid an BTCP.

Tá státseirbhísigh ar iasacht clúdaithe ag socruithe pinsin na státseirbhíse. Is scéimeanna pinsin le sochar sainithe iad scéimeanna aoisliúntais na státseirbhíse atá neamhchistithe agus faoi riarachán na Roinne Airgeadais. Níl aon táille ann sna ráitis airgeadais as aon dliteanas breise aoisliúntais a d'fhéadfadh a éirí as i leith na mball foirne seo.

Tá feidhm ag scéim aoisliúntais le sochar sainithe ar bhaill foirne de chuid an BTCP agus tá sí á feidhmiú ar bhonn riaracháin go dtí go bhfaomhfaidh an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil í. Bíonn sochair maoinithe ar bhonn íoc-mar-a-úsáidtear. Ní chuimsíonn teidlíochtaí pinsin do bhaill foirne ach na gnáth-theidlíochtaí atá leagtha amach i scéim aoisliúntais shamhail na hearnála poiblí le sochar sainithe.

Bhí an luacháil a úsáideadh i dtaca le nochtadh faoi FRS 17 bunaithe ar luacháil iomlán achtúireach a rinne achtúire cáilithe neamhspleách chun aird mar is cuí a thabhairt ar riachtanais FRS 17 d'fhonn dliteanas na scéime a mheas amhail ar 31 Nollaig 2010.

Ba iad seo a leanas na toimhdí ar baineadh úsáid astu chun dliteanas na scéime a áireamh:

	31 Nollaig 2010	31 Nollaig 2009
Ráta lascaine	5.5%	5.5%
Toimhde i leith méadú ar thuarastail	4.0%	4.0%
Toimhde i leith méadú ar phinsin	4.0%	4.0%
Boilsciú praghsanna	2.0%	2.0%

**12. ÍOCAÍOCHTAÍ DÉANACHA IN IDIRBHEARTA TRÁCHTÁLA**

Tá an Bord ar an láneolas maidir lena chuid dualgas faoi na Rialacháin um Íocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála 2002 agus chuir sé nósanna imeachta agus próisis iomchuí ar bun d'fhonn a chinntiú go ndéantar gach íocaíocht i gcomhréir leis na Rialacháin. D'áirigh an Bord gur é a dhliteanas €2,355 (2009: €1,272) don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010.

**13. DLITEANAIS THEAGMHASACHA**

Bhí 720 cás idir lámha an Bhoird a bhí ag fanacht ar éisteacht amhail ar 31 Nollaig 2010. De bharr go mbíonn éagsúlachtaí suntasacha idir costais an phróisis réitigh achrainn ó chás go cás, níl aon fhoráil ann sna ráitis airgeadais le haghaidh na gcásanna seo atá fós gan réiteach a cláraíodh roimh 31 Nollaig 2010. Chomh maith leo sin, tá thart ar 190 cás ar chéimeanna éagsúla d'imeachtaí forfheidhmithe sna cúirteanna agus níl aon fhoráil ann sna ráitis airgeadais de bharr nach féidir na costais bhainteacha a áireamh go fóill.

## 14. CEANGALTAIS CHAIPITIL

D'fhaomh an Bord tógáil córais nua TF le haghaidh clárúcháin a phróiseál ar líne. Rinneadh roinnt gealltanais maidir leis suas go dtí 31 Nollaig 2010: Ba é an ceangaltas caipitil iomlán a bhí conraithe ach nach raibh luaithe sna cuntais 721,000. Tá ceangaltas breise de 284,000 ann chomh maith a d'fhaomh an Bord ach nach bhfuil conraithe go fóill.

## 15. LEAS BHAILL AN BHOIRD

Ghlac an Bord le nósanna imeachta de réir na dtreoirínte a eisíodh an Roinn Airgeadais maidir le leas bhaill an Bhoird a nochtadh, agus cloíodh leis na nósanna imeachta sin le linn na bliana. Níor tharla aon idirbheart a bhain le gníomhaíochtaí an Bhoird ina raibh leas tairbhiúil ag aon bhall den Bhoird le linn na tréimhse.

## 16. LUACH SAOTHAIR STIÚRTHÓIRÍ AGUS BHAILL AN BHOIRD

### Luach Saothair Stiúrthóirí

Tuarastal an Stiúrthóra	€92,222
-------------------------	---------

Tá an stiúrthóir fostaithe faoi socrú iasachta leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus íocann an Roinn a tuarastal. Bhí na suimeanna thuasluaite íoctha leis an Roinn mar aisíocaíocht an tuarastail. Ní bhfuair an stiúrthóir aon bhónas nó aon sochar comhchineáil in 2010. Ní chuimsíonn teidlíochtaí pinsin an stiúrthóra ach na gnáth-theidlíochtaí atá leagtha amach i scéim aoisliúntais shamhail na hearnála poiblí le sochar sainithe.

Ball an Bhoird	Táillí €
Orla Coyne, Cathaoirleach	€20,810
Aidan Brennan	€0
Gene Feighery	€13,468
Aideen Hayden	€13,096
Ciaran McNamara	€0
Vincent P Martin	€10,944
Finian Matthews	€13,358
Joseph Meehan	€0
Conn Murray	€0
Cian O Lionáin	€0
An tOll. Comhlach Eoin O'Sullivan	€196
Thomas J Reilly	€14,926
John Tiernan	€8,988
<b>Total</b>	<b>€95,786</b>

Baineann na figiúirí thuasluaite le híocaíochtaí iarbhír a rinneadh le Baill an Bhoird le linn 2010. Mar gheall ar thosca éagsúla, baineann roinnt de na híocaíochtaí seo le cruinnithe ar freastalaíodh orthu in 2009. Déantar an figiúir, atá luaite i Nóta 4b maidir le Táillí Bhaill an Bhoird, a áireamh ar bhonn fabhráithe cuntasaíochta le haghaidh na gcruinnithe uile ar freastalaíodh orthu le linn 2010, beag beann ar an uair a rinne na híocaíochtaí.

Chomh maith leis sin, níor íocadh táillí do bhaill den Bhoird sa chás gur státseirbhísigh lánaimseartha iad chomh maith.

Íocadh €11,242 do bhaill an Bhoird as speansais taistil agus chothaithe a tabhaíodh de bharr freastal ar chruinnithe agus ar Bhinsí. Íocadh an tsuim seo ar aon dul le treoir na Roinne Airgeadais.

## 17. FAOMHADH NA RÁITEAS AIRGEADAIS

D'fhaomh an Bord na Ráitis Airgeadais ar 19 Deireadh Fómhair 2011.



## **Aguisíni**

## AGUISÍN 1

# Cás-staidéir 2010

Foilsítear gach Ordú Cinnidh ar [www.prtb.ie](http://www.prtb.ie). Léiríonn na cásanna seo réimse agus cineál na n-achrann lenar dhéileáil an BTCP in 2010.

## Cás-staidéir ar Bhreithniú

### Cás 1 - Frithchás. Riaráistí cíosa, Sárú oibleagáidí an tionónta, agus Díshealbhú neamhdhleathach líomhnaithe

#### Cúlra

Thaisc an tiarna talún iarratas maidir le riaráistí cíosa agus sárú oibleagáidí an tionónta. Tar éis an fógra maidir leis an achrann seo a fháil don thionónta, thaisc sé frithchás i leith díshealbhú neamhdhleathach líomhnaithe. Mhaígh an tiarna talún go raibh an tionónta i riaráistí cíosa de 3,900 agus go bhfios di, bhí an tionónta tar éis dul thar lear. Thug sí fianaise gur de bharr go raibh imní uirthi go raibh an teaghais tréigthe a rinne sí iarracht rochtain uirthi agus fuair sí amach gur athrú na glais. Chuir an tiarna talún in iúl gur fhostaigh sí cuideachta shlándála chun an doras a oscailt ar 12 Feabhra 2010 agus fuair sí amach nach raibh aon duine ina chónaí sa teaghais, ach go raibh sealúchais an tionónta fós ann. Feistíodh glais nua sa teaghais agus cuireadh sealúchais an tionónta i stóras.

#### Éisteacht an Bhreithnithe

Tionóladh éisteacht le haghaidh an bhreithnithe agus d'fhreastail an bheirt pháirtithe uirthi. Thug an tiarna talún breac-chuntas ar a cás i leith na riaráistí cíosa agus chuir sí in iúl go ndearna sí roinnt fógraí foirceanta a sheirbheáil ar an tionónta maidir leis na riaráistí. Ghlac an tionónta go raibh na riaráistí cíosa dlite ag an éisteacht. Rinne an breithneoir cíoradh ar shraith ríomhphost idir na páirtithe a bhain leis na riaráistí agus

le hóc uaineach an chíosa, agus fuair sé nach raibh an tiarna talún in ann teagmháil bhríoch a dhéanamh leis an tionónta.

Fuair an breithneoir chomh maith gur thug na cúinsí údar leis an tátal a bhain an tiarna talún astu go raibh an tionónta tar éis an teaghais a fhágáil go hiarbhír.

#### Cinneadh

Is é seo a leanas an cinneadh a rinne an breithneoir: Meastar go raibh deireadh curtha leis an tionóntacht ag an tionónta. Íocfaidh an tionónta an tsuim iomlán de 3,690.00 don tiarna talún laistigh de sheacht lá tar éis eisiúint an Ordaithe Chinnidh, i.e. riaráistí cíosa de 3,900.00, chomh maith le 120 as glais nua a fheistiú agus 70 as costais stórála, lúide 400 don tionónta i.e. an éarlais de 600 lúide 200 a coimeádadh go dlísteanach mar gheall ar dhochar a rinneadh don teaghais de bhreis ar ghnáthchaitheamh agus ghnáthchuímit.

## Cás a Dó - Cóiméad Éarlaise

#### Cúlra

Chuir an tionónta iarratas isteach mar gheall ar ró-íocaíocht líomhnaithe cíosa, coimeád na héarlaise gan chúis agus fógra neamhbhailí líomhnaithe.

#### Éisteacht an Bhreithnithe

Tionóladh éisteacht le haghaidh an bhreithnithe. Níor fhreastail na freagróirí uirthi, ach chuir duine de na freagróirí aighneacht isteach le tabhairt san áireamh ag an éisteacht. Fuair an breithneoir gur thug an duine a bhí ainmnithe mar an bhfreagróir ar an iarratas le fíoras gurbh é an tiarna talún í, ach nach raibh inti ach gníomhaire a bhí ag feidhmiú thar ceann an tiarna

talún. Rinne na freagróirí iarracht seasamh le coimeád na héarlaise trína mhaíomh gur cuireadh deireadh leis an tionóntacht le comhaontú frithpháirteach. Mhaígh an freagróir go raibh an tionónta i riaráistí cíosa. Thug an breithneoir san áireamh nach ndearna an freagróir fógra bailí 14 lá maidir le riaráistí cíosa a sheirbheáil ná fógra bailí foirceanta a sheirbheáil ach oiread, agus fuair sé chomh maith nach raibh an tionónta i riaráistí cíosa de bharr gur íoc sí an cíos roimh ré. Fuair an breithneoir chomh maith gur sháraigh an tiarna talún a chuid oibleagáidí toisc go raibh an teaghais faoi bhun na n-íoschaighdeán riachtanach.

#### **Cinneadh**

Íocfaidh na freagróirí an tsuim iomlán de 1,200 don tionónta laistigh de sheacht lá tar éis an tOrdú Cinnidh a eisiúint don BTCP. Cuimsíonn an tsuim seo an éarlais ina hiomláine de 600 a coimeádadh gan chúis chomh maith le damáistí de 600.00 as an éarlais a choimeád.

### **Cás a Trí - Sárú Líomhnaithe oibleagáidí an Tiarna Talún chun oibleagáidí an tionónta a chur i bhfeidhm agus iompraíocht fhrithshóisialta an Tionónta.**

#### **Cúlra**

D'iarr an t-iarratasóir seirbhís réitigh achrainn mar thríú páirtí ar a raibh truailliú torainn líomhnaithe ón teaghais ar cíos in aice lena theaghais féin ag cur isteach agus ar a raibh iompraíocht fhrithshóisialta líomhnaithe an tionónta ag cur isteach.

#### **Éisteacht an Bhreithnithe**

Tionóladh éisteacht. Bhí an tiarna talún na teaghaise ar cíos agus an t-iarratasóir i láthair ag an éisteacht. Bhí an tionónta i láthair chomh maith. Cé nach raibh sé páirteach san achrann sa chás seo, tá sé de cheart ag tionóntaí gach cáipéisíocht a bhaineann le cásanna iompraíochta fhrithshóisialta agus freastal ar aon éisteacht d'fhonn a dhea-chlú agus aon líomhain a dhéantar ina choinne a chosaint. Thug an t-iarratasóir fianaise maidir le roinnt teagmhas inar cuireadh isteach a chodladh

agus ina raibh ceol glórach ar siúl i rith na hoíche, a chuir sé fios ar na Gardaí dá mbarr. Thug an tiarna talún fianaise go ndearna sí teagmháil leis an tionónta tar éis cinn de na teagmhais agus chuir sí an tionónta ar an eolas faoi na gearáin. Thug an tiarna talún fianaise chomh maith nach raibh aon deacreacht ag aon duine de na comharsana eile leis an tionónta agus thug sí ráiteas i scríbhinn ón gcomharsa a bhí ina chónaí ar an taobh eile den teaghais ar cíos a chuir in iúl nach raibh aon deacreacht aici leis an tionónta. Thaispeáin an tiarna talún litir ón nGarda Síochána chomh maith a dheimhnigh gur thug siad cuairt ar an teaghais agus go raibh na tionóntaí comhoibríoch agus gur éist siad leis na hábhair ba chúram do na Gardaí i leith torann iomarcach. Thug an tionónta fianaise chomh maith i gcoinne líomhaintí an tríú páirtí.

#### **Cinneadh**

Níor seasadh le hiarratas an tríú páirtí maidir le sárú oibleagáidí an Tiarna Talún chun oibleagáidí an tionónta a chur i bhfeidhm i leith iompraíocht fhrithshóisialta an Tionónta agus truailliú torainn.

I gCoimre d'Fhátanna an bhreithneora, luaigh sé gur "líomhain thromchúiseach é aon líomhain a bhaineann le hionpraíocht fhrithshóisialta de bharr gur féidir léi dul i gcion ar dhea-chlú an tsaoránaigh sin, agus ar a shocrú cóiríochta chomh maith, agus nuair a dhéantar líomhain den chineál sin, go bhfuil dualgas mór cruthúnais ar an duine atá á cur ina leith".



## Cás-staidéir ar Chásanna de chuid na mBinsí Tionóntachta

**TR162/DR848/2010** - *Níor tugadh aon fhianaise ar láimh a chur in iúl gur íocadh aon éarlais.*

### Cúlra:

Chuir an tionónta iarratas ar sheirbhís réitigh achrainn isteach chuig an BTCP maidir le héarlais choimeáda. Cuireadh an cás ar aghaidh le haghaidh breithniú ó bhéal, ag ar chinn an breithneoir go n-íocfadh an tiarna talún suim de 505.00 don tionónta, i.e. an éarlais a coimeádadh gan chúis, lúide suim de 95 as damáiste a rinneadh do mheaisín níocháin, a ghlac an tionónta a raibh sé ina chúis leis. Ina dhiaidh sin, áfach, fuarthas fógra achomhairc chun Binse ón tiarna talún.

## Aighneachtaí na bPáirtithe

### Cás an Tiarna Talún (an tAchoimharcóir)

Thug an tiarna talún fianaise nár bhuail sé leis an tionónta agus nach raibh gnó aige leis riamh. Chuir sé in iúl chomh maith nach raibh sé cinnte go raibh an té ina thionónta sa teaghais riamh. Chuir sé in iúl dá mba rud é gur chreid sé go raibh an tionónta ina thionónta sa teaghais sin, agus gur íoc sé an éarlais, nach mbeadh aon fhadhb aige an éarlais a íoc ar ais. Ach, dúirt sé nach raibh aon chruthúnas ann go raibh sé an méid sin fíor; mar shampla, ní raibh aon admháil ar íocaíocht na héarlaise ag an tionónta. Rinne sé tuairimíocht gur de bharr nach raibh sé ar an eolas faoi chúinsí íocaíocht na héarlaise mar a líomhain an tionónta, go raibh seans ann gur íoc an tionónta an éarlais sin (má d'íoc sé ar chor ar bith í) do thionónta eile a choimeád í.

### Cás an Tionónta (an Freagróir)

Thug ionadaí don tionónta breac-chuntas ar an mbealach a d'íoc an tionónta an éarlais trí ríomhaistriú airgid óna chuntas chuig cuntas bainc tionónta eile a bhí ina chónaí sa teaghais roimhe.

Ní raibh aon fhianaise dhoiciméadach ann a dheimhnigh go bhfuair an tionónta roimhe an íocaíocht

ná go bhfuair an tiarna talún é mar a líomhain an tionónta.

### Cinneadh:

Ar bhonn na fianaise a cuireadh os comhair an Bhinse, agus de réir dhochúlachtaí an cháis, níor sheas an Binse le héileamh an tionónta ar aisíoc na héarlaise a líomhain sé a d'íoc sé agus a coimeádadh gan chúis.

**TR323 /DR11/2010** - *Foirceannadh Neamhdhleathach Tionóntachta*

### Cúlra:

Rinne an tionónta iarratas ar an BTCP maidir le foirceannadh neamhdhleathach tionóntachta. Cuireadh an cás ar aghaidh chuig breithneoir, a chinn go mbeadh ar an tiarna talún glansuim de 4,790 a íoc don tionónta, i.e. 10,000 damáistí as sárú oibleagáidí an Tiarna Talún agus an iarracht ar dhíshealbhú neamhdhleathach, móide an éarlais de 300 agus 490 as na costais phluiméireachta a thabhaigh an tionónta, lúide 6,000 as riaráistí cíosa. Ina dhiaidh sin, áfach, rinne an tionónta achomharc in aghaidh an chinnidh seo.

## Aighneachtaí na bPáirtithe:

### Cás an Tionónta (an tAchoimharcóir)

Chuir an tionónta in iúl gur cuireadh tús le tionóntacht na teaghaise 6 seomra i mí Lúnasa 2007 agus go raibh caidreamh maith idir an tionónta agus an tiarna talún ar feadh beagnach dhá bhliain ina dhiaidh sin. Bhí an cíos €1,000 in aghaidh na míosa, réamhíoctha, agus d'íoc an tionónta éarlais de £300 steirling don tiarna talún. I Meitheamh 2009, bheartaigh an tionónta agus a chlann dul ar saoire ar feadh tréimhse ó Iúil go dtí Lúnasa 2009 agus chuir sé an tiarna talún agus a fear céile ar an eolas mar gheall air seo. Dúirt sé go raibh cíos mhí Iúil réamhíoctha agus go raibh sé ar intinn aige cíos mhí Lúnasa a íoc nuair a thiocfaidís ar ais. Luaigh sé gur fhág siad a gcuid giurléidí pearsanta sa teaghais le linn na tréimhse.

Nuair a d'fhill an tionónta ar an teach ar lá i lár mhí Lúnasa, thug an tionónta faoi deara go raibh an teach á athmhaisiú ag an tiarna talún. Bhí na cairpéid agus cuirtíní bainte amach, agus bhí an troscán cruachta le taobh na mballaí. Cuireadh isteach ar ghiuirléidí pearsanta dá chuid féin agus de chuid a chlainne agus bhí siad curtha i málaí agus boscaí plaisteacha.

Nuair a thug sé aghaidh ar fhear céile an tiarna talún, dúirt sé gur shíl an tiarna talún gur 1 mhí amháin a bhí i gceist leis an saoire agus nuair nach raibh trácht ná tuairisc uaidh agus nuair nár íoc sé an cíós, bhí siad den tuairim go raibh sé tar éis bogadh amach. D'iarr sé ar an tiarna talún am a thabhairt dó ionas go mbeadh sé in ann lóistín eile a shocrú dó féin agus dá chlann.

Ón am ar tháinig sé ar ais ar 15 Lúnasa, agus ó lár mí Mheán Fómhair ar aghaidh go háirithe, bhí fadhbanna tromchúiseacha leis an soláthar uisce sa teaghais. Thug sé fianaise gur sheol an tiarna talún teachtaireacht chuige a chuir comhairle air: 'Ní chuimsítear muirir uisce nuair a ligtear teach ar cíós, ní bhaineann an fhadhb seo linn, déan teagmháil leis an Bord Uisce chun réiteach a fháil uirthi'.

D'fhostaigh sé seirbhísí sainchomhairleoirí innealtóireachta agus pluiméireachta agus d'íoc sé astú, ach de bharr nach raibh cead isteach acu ar chuid den chóras soláthair a bhí faoi rialú an tiarna talún, ní raibh siad in ann an fhadhb a dhiagnóisiú ná a réiteach. Ní raibh soláthar uisce ná téamh lárnach ag an teaghlach sa teaghais ó lár mhí Lúnasa 2009 go dtí deireadh mhí Feabhra 2010. Rinne sé cur síos ó chroí ar na deacrachtaí a bhí aige, ag a bhean chéile agus ag a chlann nuair a bhí siad ag iarraidh uisce a fháil ó sconna i ngarraí béal dorais, go háirithe le linn na drochaimsire fuaire a bhí ann le linn gheimhreadh 2010. Chuir sé seo cruatan agus strus suntasach ar an teaghlach. Le linn na tréimhse seo, rinne an tAchoimharcóir agus a bhean chéile gach iarracht chun lóistín eile a fháil ach bhí deacrachtaí acu de bharr go raibh orthu teaghais a fháil ina raibh go leor spás dóibh agus dá 6 páistí.

Tugadh fianaise ar aird a chuir in iúl gur thug an tiarna talún fógra don tionónta go raibh an cíós á ardú go dtí 2,000 in aghaidh na míosa.

Dúirt an tionónta go raibh sé ag déanamh achomhairc i gcoinne chinneadh an bhreithneora ar fhoras nach raibh sé den tuairim gur léirigh sé an cruatan agus strus faoinar cuireadh é féin agus a chlann de thoradh ghníomhartha agus theipeanna an tiarna talún.

### **Cás an Tiarna Talún (an Freagróir):**

Ní raibh an tiarna talún i láthair; ach, chuir sí in iúl i bhfianaise i scríbhinn gur insíodh di go mbeadh an tionónta agus a chlann ar saoire ar feadh 1 mhí amháin. Luaigh an tiarna talún gur ghoill staid an tí uirthi nuair a chuaigh sí isteach sa teaghais i mí Iúil. Bhí cuileanna agus cruimheanna ann agus soithí salacha sa chistín, bhí sconnaí fós ar siúl agus bhí roinnt málaí líonta athchúrsála ann i seomra na n-acraí. Bhí dópholl sa chairpéad sa seomra codlata.

Luaigh sí ina chuid fianaise gur fhág sí liosta rudaí le deisiú don tionónta chomh maith le fógra scortha. Nuair a chuaigh sí isteach sa teach ar 10 Lúnasa, thug sí faoi deara nach raibh na tionóntaí ar ais agus ghlac sí leis go raibh siad tar éis bogadh amach. Chuir sí tús le hullmhúcháin i dtreo an teach a phéinteáil agus a athchóiriú.

### **Cinneadh:**

Chinn an Binse go mbeadh ar an tiarna talún an ghlansuim iomlán de €12,239.67 a íoc. Chuimsigh an tsuim seo €15,000 damáistí as foirceannadh neamhdhleathach na tionóntachta agus sárú neamhdhleathach oibleagáidí reachtúla an Tiarna Talún i leith bail na teaghaise, chomh maith le haisíocaíocht de €2,885.90 a d'íoc an tionónta as seirbhísí innealtóireachta agus pluiméireachta, agus aisíocaíocht de €353.77 (a chomhluach i steirling) as an éarlais a coimeádadh gan chúis, agus lúide 6,000 as riaráistí cíosa.

**TR355 /DR230/2010 - Dochar a rinneadh don Teaghais de bhreis ar ghnáthchaitheamh agus ghnáthchuimilt**

**Cúlra:**

Rinne an tionónta iarratas ar an BTCP. Cuireadh an cás faoi bhráid breithneora a chinn go mbeadh ar an tiarna talún €2,100 a íoc don tionónta, i.e. suim na héarlaise a coimeádadh gan chúis Ina dhiaidh sin, áfach, fuarthas achomharc bailí ón tiarna talún.

**Aighneachtaí na bPáirtithe**

**Cás an Tiarna Talún (an tAchomharcóir):**

Dúirt an tiarna talún gur teach nua í an teaghais a bheag nó a mhór a bhí cosúil le 'teach taispeántais' nuair a cuireadh tús leis an tionóntacht. Bhí an cíós €2,100 in aghaidh na míosa agus íocadh éarlais de €2,100. Rinne sé conradh le gníomhaireacht eastáit i gcomhair an teach a ligean ar cíós.

Mhaígh an tiarna talún gur ghoill staid an tí air nuair a rinne sé iniúchadh ar an teaghais díreach tar éis deireadh a chur leis an tionóntacht don tionónta. Thug sé grianghraif ar aird chun staid na teaghaise ag am an iniúchta a léiriú. Léirigh na grianghraif seo roinnt scrioblálacha ar bhallaí, fheistis agus throscaín. Bhí siad seo le feiceáil i ngach seomra sa teach, a dúirt sé. Bhí siad déanta le réimse crián, badhrónna agus marcóirí. Tar éis an teach a phéinteáil dó, dúirt sé go raibh air úsáid a bhaint as péint dhilsithe chun na marcanna a chlúdach de bharr go rabhthas fós in ann iad a fheiceáil trí na brait úra péinte. Dúirt an tAchomharcóir go raibh sé ag éileamh ar €8,625.68 as dochar a rinneadh don teaghais de bhreis ar ghnáthchaitheamh agus ghnáthchuimilt. Mhaígh an Tiarna Talún go raibh 5 chathaoir leatharcumhdaithe chistine marcáilte le badhró agus nár féadadh iad a dheisiú ar chostas barainneachta agus go raibh air cinn nua a fhail ina n-ionad. Thug an Tiarna Talún fianaise go ndearnadh dochar don tolg leathair sa teach agus go raibh an leathar scoilte. Níor éirigh leis an tionónta nuair a rinne sé iarracht an tolg leathair a dheisiú. Chuir sé in iúl go raibh costas de

€2,280 ar an tolg nua, cé go raibh débhríocht ann i leith na sonrasc a thug sé ar aird.

Ghéill an Tiarna Talún nár tugadh liosta fardail don Tionónta. Bhí sé den tuairim go dtabharfadh an gníomhaire faoi seo, ach níor thug sé aon fianaise a chuir in iúl gur tugadh faoi. Ghéill sé chomh maith nach ndearna sé iniúchadh ar an teaghais ar bhonn rialta le linn na tionóntachta.

Mhaígh an Tiarna Talún, in ainneoin fhoráil chomhaontú na tionóntachta, go raibh sé féin ag íoc an bhille mhíosúil ó Sky ar feadh na tionóntachta. Cé gur thoiligh sé le hobair ar an mias satailíte, níor aontaigh sé ag aon am ar bith go n-íocfadh sé as an obair sin, lenar cuireadh tús de bharr gur mhian leis an tionónta uasghrádú go dtí seirbhís ardghléine (HD).

**Cás an Tionónta (an Freagróir):**

Mhaígh an Tionónta go raibh sé den tuairim go raibh aon dochar a rinneadh don teach ar aon dul le gnáthchaitheamh agus gnáthchuimilt, go háirithe de bharr go raibh an teach á ligean ar cíós do dhaoine a raibh leanaí óga acu. Dúirt sé nach raibh an graifítí ar na ballaí chomh forleathan is a thabharfadh sé údar leis an teach ar fad a phéinteáil, mar a mhaígh an Tiarna Talún. Ní raibh gach balla sa teach marcáilte; ba ghrianghraif gar-amhairc a bhí sa ghrianghraif agus dúirt sé gur chóir don Tiarna Talún roinnt grianghraif eile a thabhairt ar aird a léireodh cé chomh beag is a bhí na háiteanna a ndearnadh dochar dóibh. Bhí sé den tuairim go n-éireodh le péinteáil ad hoc ar achair bheaga chun na ballaí a athchóiriú go dtí an staid ina raibh sé roimhe. Cheap sé chomh maith go bhféadfadh an Tiarna Talún na marcanna criáin agus marcóra a bhaint trí iad a chuimilt le ceirt amháin. Chuir sé in iúl gur éirigh leis féin roinnt marcanna criáin a bhaint. Rinne sé iarracht na marcanna badhró a bhaint chomh maith ach níor éirigh leis.

Ghlac sé leis go raibh an dochar a ndearnadh do na 5 chathaoir chomh dona is nach bhféadfadh an Tiarna Talún iad a dheisiú ar chostas barainneachta, ach,

mhaígh sé gur de bharr go raibh siad 3 bliana d'aois ag deireadh na tionóntachta, gur chóir an costas a mheas ar bhonn a mbaile ar an gcéim sin seachas cathaoireacha nua. Ghlac sé leis chomh maith go ndearnadh dochar don tolg ach gur íoc sé 150 as é a dheisiú.

Thug an Tionónta fianaise ar aird gur chuir an Tiarna Talún glao air ar lá deireanach na tionóntachta agus é ag glanadh an tí, agus dúirt sé leis an Tionónta gur mhian leis an teach a thaispeáint do thionónta nua ionchasach.

Bhí sé seo ina chúis le deifir a chur ar an nglantachán agus níor tugadh aire do roinnt rudaí dá bharr. Ach, bhí sé den tuairim go mbeadh an tiarna talún in ann dul i ngleic leis na rudaí sin le mionghlantachán.

Thug an Tionónta fianaise go raibh glacacht satailíte go dona nó nach raibh aon ghlacacht satailíte sa teach. Nuair a bhí sé ag iarraidh an córas a uasghrádúgo dtí seirbhís ardghléine (HD), chuir sé glao ar an tiarna talún agus d'iarr sé air labhairt leis an teicneoir i dtreo an mias satailíte ar an simléar a athshocrú. Chreid sé gur chuir comhrá agus roinnt téacsteachtairachtaí ina dhiaidh sin in iúl gur ghlac an tiarna talún leis go n-íocfadh sé costas na hoibre. Bhí €155 i gceist leis seo (tagartha dó mar €150 in aighneachtaí i scríbhinn a fuarthas ina dhiaidh sin)

Thug an tionónta fianaise ar aird nach bhfuair sé liosta fardail de na rudaí a bhí sa teach in ainneoin gur iarr sé é. Bhréagnaigh sé chomh maith go ndearna sé aon dochar don deiceáil mar a mhaígh an tiarna talún, agus thug sé le tuiscint go ndearnadh an dochar dá tagraíodh sular cuireadh tús leis an tionóntacht. Luaigh sé roinnt rudaí nár thug an tiarna talún talún fúthu go pras, lena áiríodh leithreas blocáilte, triomadóir rothlaim a dheisiú agus an t-asraon ón mbáisín níocháin sa phríomhsheomra folctha. Thagair sé d'fhoirgeacht le luchóga chomh maith a thit amach le linn na tionóntachta.

#### **Cinneadh:**


Íocfaidh an tionónta an ghlansuim de 875 i.e. 2,975 as dochar a rinneadh don teach de bhreis ar ghnáthchaitheamh agus ghnáthchumilt, lúide an éarlais de 2,100 a choimeád an tiarna talún i leith thionóntacht na teaghaise go réasúnach.

#### **Binsí eile a d'fhéadfadh a mbeadh suim agat iontu**

1. TR167/DR1263/2010: Údarás ar bith mar Thiarna Talún Achomharcóra de bharr nárbh an Tiarna Talún é
2. TR183 /DR680 & DR707/2010: Fógra Foirceanta, Sárú Oibleagáidí an Tiarna Talún/an Tionónta
3. TR244/DR990/DR996/2010: Caihdeán agus Cothabháil na Teaghaise agus Fógra Foirceanta riachtanach ag deireadh léasa téarma sheasta.

AGUISÍNÍ 1

# Próiseas Réiteach Díospóide




## AGUISÍN 3

## Painéil Breithnithe agus Idirghabhála an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha 2010

Breithneoirí	Breithneoirí	Idirghabhálaithe
Seamus Bane	James Howley	Anne Carroll
Kevin Baneham	John Hyland	Peter Cunningham
Joe Behan	Padraic Ingoldsby	Martin Durack
Bridget Birmingham	Phil Kealy	Barney Kiernan
Ronan Browne	Nesta Kelly	John McArdle
James Burke	Richard Kennedy	Brenda Moran
Patrick Burke	Darren Lehane	Derek Nolan
John Callaghan	Thomas Mannix	Brigitte O'Brien
Emmett Carty	Joseph May	Audrey O'Carroll
Charles Corcoran	Michael McNamara	Helena O'Gorman
Michael Coughlan	Francis Meenan	Yvette O'Malley
James Coyne	Claire Millrine	Hilary Sweetman
Gus Cummins	Mary H. Morris	
Jim Dennison	Michael Munnelly	
Ian Dermody	Joseph Murray	
William B. Devine	Liam Nolan	
Arran Dowling Hussey	Patricia O'Connor	
David Duncan	Maurice O'Donoghue	
Shaun Elder	Niamh O'Leary	
John C. Elliott	Martin O'Malley	
Michael Farry	Paul O'Reilly	
Geraldine Feeney	Tom Rigney	
Pat Finn	Patrick Rowan	
Anthony Flynn	John Shaw	
Corona Grennan	Nuala Skeffington	
Frank Guinane	Patricia Stafford	
Con Guiney	Breda Tuite	
Tom Hardy	Robert Walsh	
Maureen Harewood	Joseph Whelan	
Eoin Dillon		
Keara Donnelly		
Thomas Woodbyrne		
Mary Henry Feehily		
Bill Holohan		

## AGUISÍNÍ 4

## Cairt Eagraíochta BTCP



SEIRBHÍS RÉITITHE DÍOSPÓIDE				
Kathryn Ward Stiúrthóir Cúnta		Frank Gallagher Stiúrthóir Cúnta		
Forfheidhmiú	Binsí/Staitisticí	Díospóidí	Díospóidí	Díospóidí
Rosaleen Keane (AOF) Vacant (AOF)	Janette Fogarty (AOF)		Anne Marie Quinn (AOF)	Folamh (AOF)
Paul Staunton (OF) Gillian MacGann (OF)	Geraldine Norton (OF) Iwona Piech (OF)	Gloria Gallagher (OF) Tom Coghlan (OF)	Pat McDonnell (OF) Folamh (OF) Robert Allen (OF) Carolyn O'Brien (OF)	Ruth Cullen (OF) Ronan Conlan (OF)
	Adrian McGrath (OF)		Ade Lawal (OC) Ciara Cronin (OC)	Claire Diggins (OC)

I láthair na huaire, tá 30 ball foirne sealadach ar an meán ó na gníomhaireachtaí fostaíochta Adecco agus La Crème fostaithe ag an BTCP agus muid ag fanacht ar ár gCóras Bainistíochta Tionóntachta, go háirithe an tseirbhís chlárúcháin ar líne, a sheoladh in 2010.









PRIVATE RESIDENTIAL TENANCIES BOARD  
PO Box 11884  
Dublin 2

Tel: +353-1-635 0600  
Fax: +353-1-635 0601  
Email: [prtb@prtb.ie](mailto:prtb@prtb.ie)  
Web: [www.prtb.ie](http://www.prtb.ie)